



COIMISIÚN
FORBARTHA
AN IARTHAIR

WESTERN
DEVELOPMENT
COMMISSION

Tuarascáil Bhliantúil 2023



Ag tacú le pobail fás a dhéanamh, ag infheistiú
i ngnólachtaí de réir a méide, agus ag pleanáil le
haghaidh fhorbairt Réigiún an Iarthair amach.

Contents

Brollach an Phríomhfheidhmeannaigh agus an Chathaoirligh	4
Ár mBunchuspóir	7
Ár bhFís	10
Struchtúr CFI	11
An Réigiún	12
Fiontraíocht Inbhuanaithe	14
Ceannaireacht Réigiúnach	22
Ceangailte	27
Geilleagar Cruthaitheach	37
Tionscadail arna	40
Ceannaireacht Réigiúnach	48
Rialachas Corparáideach	52
Príomhchumasóirí chun Ár Straitéis a Sholáthar: Seirbhísí Corparáideacha	57
Ráitis Airgeadais Iniúchta	58



€25.84m

cistiúchán AE
foinsithe le haghaidh
13 Thionscadal

€11.4m

íoctha amach ar fud
33 tionscadal ó Chiste
Infheistíochta CFI

€88m

i gCiste Infheistíochta
an Iarthair

336

mol beo ar ardán na
Mol Ceangailte

Brollach an Phríomhfheidhmeannaigh agus an Chathaoirligh

Lean larthar na hÉireann ar aghaidh in 2023 lena bhealach a dhéanamh trí thórdhreach ina raibh an-chuid dúshlán agus deiseanna fáis agus forbartha. Ó 2020 i leith, tá an réigiún tar éis dul i ngleic le preaba suntasacha eacnamaíocha, lena n-áirítear an phaindéim dhomhanda agus teannais gheopholaitiúla amhail ionradh na Rúise ar an Úcráin. D'éiligh na géarchéimeanna seo aird láithreach, ag atreorú béime ó phleanáil fhadtéarmach agus ag cur leis na héagothromaíochtaí socheacnamaíocha atá ann cheana féin. I measc na ndeacrachtaí seo, sheas Coimisiún Forbartha an Iarthair (CFI) go daingean ina thiomantas chun tacú le forbairt eacnamaíoch agus shóisialta Réigiún an Iarthair in Éirinn. Agus an gá atá le hathléimneacht agus nuálaíocht á aithint, tá CFI tar éis tabhairt faoi thionscnaimh éagsúla chun aghaidh a thabhairt ar dhúshlán uathúla an réigiúin.

In 2023, thuairiscigh CFI gur bhliain shuntasach a bhí ann inar léiríodh an méid a chuir an eagraíocht le forbairt eacnamaíoch agus shóisialta ar fud chontaetha Dhún na nGall, Shligigh, Liatroma, Ros Comáin, Mhaigh Eo, na Gaillimhe agus an Chláir. Ainneoin na ndúshlán eacnamaíoch, léirigh CFI lúfaireacht agus éifeachtúlacht ina chuid tionscnamh, ag baint tairbhe as acmhainní agus comhpháirtíochtaí chun athrú dearfach a spreagadh ar aghaidh.

I measc na bpríomhghnóthachtálacha, rinneadh infheistíocht ag an leibhéal is airde riamh de bhreis ar €11 milliún i gcothromas agus airgeadas sóisialta. Úsáideadh an t-airgead go straitéiseach chun tacú le cuideachtaí nua-thionscanta agus scálaithe, frontair phobail agus shóisialta, agus tionscnaimh straitéiseacha. Ina theannta sin, fuair CFI €11 milliún breise de mhaoiniú AE d'fhorbairt réigiúnach, ag díriú ar réimsí tosaíochta amhail an Geilleagar Ciorclach, an Geilleagar Cruthaitheach, sainréimsí turasóireachta, agus nuálaíocht agus digitiú FBManna.

Agus an tábhacht a bhaineann le tionscnaimh ag an bpobal á aithint aige, chuir CFI iasachtaí ar ús íseal ar fáil chun tacú le tionscadail phobail ar fud an réigiúin, ag cur ar chumas pobail áitiúla athrú dearfach a spreagadh ar aghaidh agus athléimneacht eacnamaíoch a chothú.

Mar chuid dár dtiomantas chun riachtanais an réigiúin a thuiscint agus aghaidh a thabhairt orthu, rinne ár bhfoireann anailíse polasaí scrúdú dícheallach ar shonraí agus ar shaincheistanna a bhaineann le forbairt shóisialta agus eacnamaíoch Réigiún an Iarthair. Is éard a bhí i gceist leis seo ná anailís a dhéanamh ar shonraí foilsithe agus buntaighde cáilíochtúil agus cainníochtúil a dhéanamh, ag críochnú le seoladh na tuarascála úrnua dar teideal ‘Innéacs Soghluaisteachta Inbhuanaithe do Bhailte Tuaithe i Réigiún an Iarthair in Éirinn’ i mí Feabhra 2023.

Ina theannta sin, leathnaigh ár gcomhoibriú le hOllscoil na Gaillimhe go seoladh an cheathrú Suirbhé Náisiúnta ar Chianobair i mí Mheán Fómhair 2023. Thug an staidéar seo léargais luachmhara ar an gcaoi a bhfuil cianobair tagtha chun cinn agus tar éis dul i bhfeidhm ar eispéiris oibre na bhfostaithe, ag cur lenár n-iarrachtaí leanúnacha chun tacú le tionscnaimh chianoibre sa réigiún.

Chomh maith lenár n-iarrachtaí taighde, d’fhanamar tiomanta d’Iarthar na hÉireann a chur chun cinn trí thionscnaimh éagsúla. Cuireadh an scannánaíocht don tríú séasúr de ‘Moving West’, an tsraith teilifíse inspreagtha a craoladh ar TG4, i gcrích in 2023.

Áiríodh lenár n-iarrachtaí cur chun cinn freisin seoladh an fheachtais 'Local Living, Global Opportunities', in éineacht le físeán spreagúil a léiríonn deiseanna gairme agus cáilíocht na beatha i nDún na nGall. Ina theannta sin, chuir ár gcomhpháirtíocht le Rugbaí Chonnacht ar ár gcumas físeáin léargasacha a tháirgeadh le daoine ar nós Andy Friend agus Paul Boyle, ag léiriú ní hamháin a n-eispéiris sa chlub ach an tionchar dearfach atá ag pobal Iarthar na hÉireann chomh maith. Tugann na físeáin seo, a seoladh mar chuid d'fheachtas ar líne, léargas ar an gcultúr bríomhar agus ar na deiseanna atá ar fáil sa réigiún.

Agus muid ag breathnú chun cinn, tá fíis Choimisiún Forbartha an Iarthair (CFI) díontach agus uaimhianach i gcónaí: Réigiún an Iarthair a athrú ó bhonn go mol iomaíochais agus nascachta domhanda, ag spreagadh réigiún uaimhianach forásach chun cinn chun an mianach atá ann a bhaint amach. Agus athléimneacht, nuálaíocht agus comhoibriú chun tosaigh inár n-iarrachtaí, táimid tiomanta do thodhchaí rathúil a mhúnlú d'Iarthar na hÉireann, áit a mbeidh beogacht eacnamaíoch agus forbairt shóisialta i dteannta a chéile.

Gabhtar buíochas leis an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus leis an Aire Heather Humphreys TD as a gcuid tacaíochta agus a gcomhoibriú. Le chéile, leanfaimid orainn ag obair i dtreo todhchaí níos gile agus níos rathúla d'Iarthar na hÉireann.



Allan Mulrooney
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin



Gerry Finn
Cathaoirleach

A young man with dark hair and a blue hoodie is looking directly at the camera. He is holding a white object, possibly a tool or a piece of rope, in his right hand. The background is a blurred view of a boat's interior, with ropes and a light fixture visible. A large, semi-transparent blue triangle is overlaid on the bottom right of the image, containing the text.

Ár mBunchuspóir

Forbairt gheilleagrach agus
shóisialta a chothú agus a
chur chun cinn sa réigiún.

Is é bunchuspóir Choimisiún Forbartha an Iarthair (CFI), forbairt gheilleagrach agus shóisialta i Réigiún Iarthar na hÉireann a chothú agus a chur chun cinn. Mar chomhlacht reachtúil a bunaíodh i 1997, glacaimid le ról ríthábhachtach chun comhairle a chur ar an rialtas maidir le saincheisteanna a imríonn tionchar ar Réigiún an Iarthair agus le beartais a chur chun cinn le caighdeáin gheilleagracha agus shóisialta a fheabhsú sa réigiún.

Lenár mbunchuspóir a bhaint amach, d'fhorbraíomar treochlár straitéiseach ar a dtugtar 'Oibrigh Níos Cliste, Caith Saol Níos Fearr' ina dtugtar cuntas ar thrí phríomhchólún: cur chun cinn réigiúnach, ceannaireacht réigiúnach agus fiontraíocht inbhuanaithe. Tá sé mar aidhm ag ár n-iarrachtaí sna limistéir seo tacú le spriocanna straitéiseacha gearrthéarma, meántéarma agus fadtéarma an réigiúin. Mar chuid dár sainordú, déanaimid bainistiú ar Chiste Infheistíochta CFI, a sholáthraíonn iasachtaí agus gnáthscair do ghnólachtaí agus pobail áitiúla sa réigiún. Tacaímid, tríd an gciste seo, le fiontraíocht inbhuanaithe agus cabhraímid le borradh agus forbairt gheilleagrach a chur chun cinn i Réigiún an Iarthair.



Ár bhFís

An réigiún a chur chun cinn go domhanda agus dúshlán réigiúnacha a shárú do phobail bheoga.



Caith Saol Níos Fearr: Réigiún an Iarthair a chur chun cinn mar réigiún atá iomaíoch go domhanda ina bhfuil sárchothromaíocht oibre is saoil, éagothroime réigiúnach a mhaolú, agus deiseanna oibre níos cliste agus comhionannas rochtana a chur ar fáil.

Aithnímid: Cuirtear cothromaíocht oibre is saoil agus deiseanna pearsanta agus gairmiúla den chéad scoth ar fáil i Réigiún Iarthar na hÉireann i measc athruithe suntasacha sóisialta, comhshaoil agus teicneolaíochta.



Struchtúr CFI

Buail leis an bhFoireann

Tá 28 fostaí ag obair le chéile i gCoimisiún Forbartha an Iarthair chun ár spriocanna a bhaint amach.

FÉACH AR LIOSTA IOMLÁN NA MBALL FOIRNE ANSEO

Comhaltaí Boird

Tá Cathaoirleach agus 11 ghnáthchomhalta ar Bhord CFI, agus is é Aire na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail a cheapann gach duine díobh. Caitheann gach comhalta tréimhse 3 bliana ar an mBord. Reáchtáladh 9 gcruinniú den Bhord in 2023 chun plé agus cinntí a dhéanamh ar cheisteanna a bhaineann le forbairt Réigiún an Iarthair. Amhail an 31 Nollaig 2023, ní raibh ach comhalta Boird ceaptha amháin fágtha ar Bhord CFI toisc gur tháinig deireadh le téarmaí an 11 chomhalta eile ar an 11 Samhain 2023. Féach an tábla thíos chun sonraí a fháil faoi chomhdhéanamh an Bhoird in 2023.

Sonraítear sa tábla thíos téarma ceapacháin chomhaltaí reatha an Bhoird.

Comhalta Boird	Ról	Dáta Ceaptha
Gerry Finn	Cathaoirleach	12 Samhain 2020
Aisling Meehan	Gnáthchomhalta	12 Samhain 2020
Audrey Crummy	Gnáthchomhalta	12 Samhain 2020
Christy Loftus	Gnáthchomhalta	12 Samhain 2020
Edmund Jennings	Gnáthchomhalta	22 Lúnasa 2021
Marie Carroll	Gnáthchomhalta	12 Samhain 2020
Mary Coyne	Gnáthchomhalta	12 Samhain 2020
An tOllamh Mary P. Corcoran	Gnáthchomhalta	12 Samhain 2020
John Kelleher	Gnáthchomhalta	12 Samhain 2020
Henry McGarvey	Gnáthchomhalta	12 Samhain 2020
Peter Hynes	Gnáthchomhalta	12 Samhain 2020
Sandra Nolan	Gnáthchomhalta	12 Samhain 2020

An Réigiún

Tá Réigiún Iarthar na hÉireann suite ar imeall na hEorpa agus is ann atá sáráilleacht nádúrtha agus codarsnachtaí suntasacha. Is ann atá mol domhanda nuálaíochta teicneolaíochta leighis, saineolais thionsclaíoch ar bhraiteoirí agus ar shoghluaisteacht agus geilleagar cruthaitheach faoi rath.

Ó bunaíodh é, ghlac Coimisiún Forbartha an Iarthair le ról tábhachtach i mborradh geilleagrach sa réigiún a chur chun cinn.

Réigiún tuaithe den chuid is mó atá i Réigiún an Iarthair agus is iad na contaetha atá ann ná Dún na nGall, Sligeach, Liatroim, Maigh Eo, Ros Comáin, Gaillimh agus an Clár, contaetha ina bhfuil cuid de na háiteanna is iargúlta in Éirinn le fáil.

Tuaitheacht

Tuaitheacht (Ríomhadh na figiúirí seo trí leas a bhaint as an tuarascáil 'Próifíl 1 - Daonáireamh, Dáileadh agus Gluaiseachtaí Daonra, arna foilsiú ar an 29 Meitheamh 2023).

- Cónaíonn beagnach dhá thríán (63%) de na daoine i Réigiún an Iarthair i gceantair thuaithe (lasmuigh de bhailte de 1,500+ duine). Sa chuid eile den stát níl ach 31% den daonra ina gcónaí i gceantair thuaithe. Don stát ina iomláine (lena n-áirítear contaetha Réigiún an Iarthair), tá 36.3% de dhaoine ina gcónaí i gceantair thuaithe.
- Is é Liatroim an contae ina bhfuil an líon is mó daoine ina gcónaí i gceantair thuaithe (84.1%), is é Sligeach an contae ina bhfuil an líon is lú daoine ina gcónaí i gceantair thuaithe (57%).

- Nuair a thógtar cathair agus contae na Gaillimhe le chéile, tá 52.6% de dhaoine ina gcónaí i gceantair thuaithe, ach mura gcuirtear san áireamh ach Contae na Gaillimhe gan an chathair a áireamh, is cónaitheoirí tuaithe iad 75.6% de dhaoine.
- Go náisiúnta, tá 52% de dhaoine ina gcónaí i mbailte ina bhfuil an daonra níos mó ná 10,000, ach i Réigiún an Iarthair ní bhaineann sin ach le 22.6%.

Daonra agus fás daonra

- In 2022, b'ionann daonra iomlán Réigiún an Iarthair agus 886,385, sin méadú 7.0% ar 2016. Tá sé seo beagán níos lú ná meánmhéadú an stáit atá 8.1%.
- Ó 2016 i leith tá méadú tagtha ar dhaonra chontaetha uile an Iarthair, leis an ráta fáis b'airde i Liatroim (9.8%) agus Ros Comáin (8.9%). Bhí an ráta fáis ab ísle i gContae Dhún na nGall (5.0%).
- Tá laghdú tagtha ar an sciar den daonra atá ina gcónaí i Réigiún an Iarthair mar chéatadán de dhaonra an stáit, ó 30.7% in 1841 go 18.2% i 1991 agus go 17.2% in 2022.

Comhpháirteanna d'fhás daonra

- I Réigiún an Iarthair, b'ionann 37.9% den fhás daonra agus 'méadú nádúrtha' (breitheanna-bás) agus bhain an méadú 62.1% leis an imirce.
- Sa Chuid eile den Stát, bhain 44.2% d'fhás le méadú nádúrtha agus bhain 55.8% le cúrsaí imirce.
- Don Stát iomlán, ba mhéadú nádúrtha 43.2% den fhás agus bhain 56.8% leis an bhfás leis an imirce.
- Bhain breis agus trí cheathrú den fhás daonra i Liatroim (75.6%) leis an imirce (75.2% i Ros Comáin).
- I gCathair na Gaillimhe, bhain 53.3% den fhás daonra le méadú nádúrtha (breitheanna-bás).

Fiontraíocht Inbhuanaithe

Ciste Infheistíochta an Iarthair (CII)

Cuireann Ciste Infheistíochta an Iarthair airgeadas gnáthscaire agus iasachtaí ar fáil do ghnólachtaí, pobail, frontair shóisialta, tionscnaimh straitéiseacha agus an tionscal cruthaitheach i Réigiún an Iarthair in Éirinn.

Déanann an ciste infheistiú agus iasachtú ar bhonn tráchtála agus lorgaíonn sé toradh airgeadais agus díbhinn shóisialta-gheilleagrach a bhaint amach don réigiún. Is ciste síorghlas é agus déantar na fáiltais uile ó infheistíochtaí a athinfheistiú i bhfontair nua.

Déanann an Ciste infheistiú i measc earnálacha iolracha agus ag gach céim den tsaoiré ghnó, ó thionscnamh go méadú aníos. D'fhorbair ár bhfoireann roinnt cistí éagsúla le 20 bliain anuas atá ceaptha freastal ar riachtanais éagsúla na ngnólachtaí agus na bpobal ar a bhfreastalaímid.

Baineann luach €88m leis an gCiste faoi láthair agus tá sé féinmhaoinithe ó 2010 i leith. Le bliain anuas tá os cionn €11.4m íoctha amach ag an gciste thar 33 tionscadal, lena n-áirítear infheistíocht €8.1m i FBManna, €600k i dTionscail Chruthaitheacha agus €2.7m ar fud tionscadail phobail, frontair shóisialta agus tionscnaimh straitéiseacha. Bhí ceangaltas infheistíochta €3.2m ag an gciste ag deireadh 2023.



Forbhreathnú ar Chiste Infheistíochta an Iarthair 2023

€11.4m

íoctha amach i measc
33 tionscadal

€8.1m

infheistithe
in 18 FBM

€2.7m

infheistithe i 10 dtion-
scadal pobail/ fiontar
sóisialta/ straitéiseach

€600k

infheistithe i 7
dTionscadal WRAP

Déanann cuideachtaí agus tionscadail ar tugadh tacaíocht dóibh in 2023 472 duine a fhostú agus tá an acmhainn acu breis agus 1,900 duine a fhostú sna 3 go 5 bliana atá amach romhainn.

In 2023, tá infheistíocht CII tar éis €117m a ghíaráil do FBManna agus do thionscadail sa réigiún, sin méadú faoi 10.

Infheistíocht FBM

Cuireann ár gCiste Infheistíochta Gnó infheistíocht gnáthscaire agus iasacht airgeadais ar fáil d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) inár réigiún.

Sampla Infheistíochta – Hooke Bio, Sionainn, Co. an Chláir

Is cuideachta bhith-theicneolaíochta atá ag teacht chun cinn é Hooke Bio atá dírithe ar ardáin tástála le haghaidh tréachur ard a fhorbairt chun drugaí a scagadh ar bhealach níos tapúla agus níos éifeachtaí. In 2023, d'infheistigh CFI €400k breise sa chuideachta mar chuid de bhabhta eatramhach, rud a thug an infheistíocht iomlán go €965k.

Tá an chuideachta tar éis teicneolaíocht scagthástála drugaí uathúil a dhearadh agus a dhéanamh. D'fhéadfadh an teicneolaíocht seo a bheith ina ceannaire margaidh, ag díriú ar Thaighde & Forbairt cógaisíochta agus vacsaíne agus ar Eagraíochtaí Taighde Cliniciúla. Fuair Hooke faomhadh maoinithe deontais EIC €2.5m in 2023 chomh maith, rud a chabhróidh chun an chuideachta a mhaoiniú agus í ag iarraidh tús a chur lena dtáirge a thráchtáil.

Sampla Infheistíochta – Xerotech Ltd, Baile Chláir, Co. na Gaillimhe

Déanann Xerotech ardphacáistí ceallraí ian litiam uathghluaisneach a dhearadh agus a dhéanamh lena ndíol le déantóirí feithiclí ar an mbóthar agus feithiclí eisbhóthair. Is í teicneolaíocht bainistíochta teirmeach ceallraí na cuideachta seo teicneolaíocht ceallraí an chéad ghlúin eile. Tugadh infheistíocht leantach CFI de €1.5m don chuideachta i mí na Bealtaine 2023, rud a thug an infheistíocht iomlán sa chuideachta go €2m, anuas ar infheistíocht shuntasach ó na hinfheisteoirí príobháideacha.

Bhí an chuideachta tar éis deireadh a chur lena líne tháirgthe sa tsaoráid agus thosaigh sí ar thráchtáil ar scála i rith 2023. Tá áiseanna breise curtha leis ag a bhunáit i mBaile Chláir, Co. na Gaillimhe trí fhoirgnimh nua a thógáil. Tá earnáil na mianadóireachta ar fud an domhain anois ina croí-spríoc do theicneolaíocht Xerotech agus tá tarraingt shuntasach déanta ag an gcuideachta go dtí seo le sruth láidir de chustaiméirí ionchasacha agus is léir go bhfuil éileamh ar a táirge. Chomh maith leis sin, sainaithníodh margaí breise d'fheithiclí tromthionsclaíocha agus tá díolacháin á ndéanamh ar fud na hearnála tógála.

D'éirigh le cuideachtaí punainne, lena n-áirítear Versono, Hookebio, Aurigen, Rockfield, Feeltect, Contego, agus Tympany, dámhachtainí maoinithe a fháil ó Luasaire na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí agus ón gCiste Nuálaíochta um Theicneolaíochtaí Bunathraitheacha.

Infheistíocht i bhFiontair Phobail agus Shóisialta

Tacaíonn ár gCiste Iasachta Pobail le fiontair shóisialta agus grúpaí pobail i Réigiún an Iarthair le feabhas a chur ar bheatha shocheacnamaíoch a bpobal. In 2023, d'íocamar luach €2.7m d'iasachtaí amach le 10 dtionscadal pobail/fiontair shóisialta agus Tionscnaimh Straitéiseacha.

Sampla Infheistíochta Pobail - Club Peile Aileach

Is club sacair é Club Peile Aileach atá suite ar imeall sráidbhaile Bun na hAbhann, Inis Eoghain, Co. Dhún na nGall, ar bhruach Loch Súilí in áit ar a dtugtar Leibhéal na hInse. Tá Bun na hAbhann suite níos lú ná 14km ó Dhoire agus 12km ó Bhun Cranncha ar Inis Eoghain. Tugann an club seo deis do mhuintir pharóistí Fhathna, na Birte & Inse sacar a imirt. Bunaíodh ar dtús é sna 1970idí agus tharla athbheochan sa chlub i 1993 nuair a cuireadh foireann shinsear na bhfear isteach i Sraith Peile Inis Eoghain. Cúpla bliain ina dhiaidh sin, chuir an club foirne óige i ngach aoisghrúpa isteach i Sraithchomórtas Óige & Buachaillí Scoile Inis Eoghain, chomh maith le foireann chúltaca a chur isteach i Sraithchomórtas Inis Eoghain.

Tháinig méadú ar an éileamh ar chlub sacair sa chomharsanacht ag an leibhéal sóisearach go luath sna 2000idí, chomh maith le méadú ar an daonra sna ceantair máguaird. D'fhás an Club ón bpointe sin amach agus bhí ga leis an gClub féachaint ar áiseanna nua a fhorbairt mar thoradh ar an rannpháirtíocht mhéadaithe. In 2006, cheannaigh an club láithreán úrnua Cois Locha atá forbartha go hiomlán anois mar Chlub Peile Aileach. Cuireadh leis na háiseanna agus cuireadh feabhas leanúnach orthu chomh maith. Tá halla pobail mór ina bhfuil páirc Astroturf laistigh, carrchlós, dhá pháirc féir agus páirc Astroturf amháin lasmuigh ann anois. In 2023 bronnadh Deontas Caipitil Spóirt €47,000 ar Chlub Peile Aileach chun Tuilsoilsiú a shuiteáil ar na tailte agus rinneadh iarratas ar Choimisiún Forbartha an Iarthair chun cabhrú leo leis an mbearna mhaoiniúcháin.

Faomhadh agus tarraingíodh iasacht téarma €30,000 in 2023. Ar nós fhormhór na gClubanna spóirt in Éirinn, cuireann tuilsoilsiú le hinúsáidteacht na bpáirceanna agus lena n-acmhainn chíosa ar oícheanta dorchá an gheimhridh, agus cuireann sé sláinte agus sábháilteacht chun cinn chomh maith.

Sampla Infheistíochta Straitéisí - Campas Nuálaithe BIA

Tugann Campas Nuálaithe BIA aghaidh ar an ngá atá le bonneagar spás oibre bia trí ionad scála nuálaíochta bia agus dí a fhorbairt a thugann rochtain ar áiseanna, trealamh agus saineolas i Réigiún an Iarthair. Soláthróidh Mol Nuálaithe BIA 29,493 troigh chearnach de spás goir, lena n-áirítear cruthú post, agus tacóidh sé le gnólachtaí sa réigiún.

Soláthraíonn an tionscadal straitéiseach seo deis d'aon ghnó chun Earnáil an Bhia a fhorbairt agus Poist a chruthú sa réigiún agus é a bhunú mar líonra idirnáisiúnta comhoibríoch d'fhiontair atá bunaithe ar easpórtáil. Is é an cur chuige atá ag Mol Nuálaithe BIA ná cur chuige straitéiseach fadtéarmach a ghlacadh chun tionchar suntasach agus buan a sheachadadh sa réigiún.

Bhí costais an tionscadail níos mó ná €9 milliún, lena n-áirítear maoiniú ón gCiste Forbartha Athghiniúna Tuaithe (RRDF) agus ón Scéim Bailte agus Sráidbhailte, an dá cheann arna riar ag an Roinn Gnóthaí Tuaithe agus Pobail, an Ciste Forbartha Fiontraíochta Réigiúnaí (REDF) arna riar ag Fiontraíocht Éireann, Comhairle Contae na Gaillimhe agus ciste GRD Leader Náisiúnta Bia, chomh maith le ranníocaíochtaí ó chomhpháirtithe lena n-áirítear seirbhísí talún agus comhchineáil ó Teagasc, agus lasacht Téarma €1m ó CFI.

Is mór ag CFI tacaíocht a thabhairt don tionscnamh straitéiseach an-spreagúil seo agus tugann sé deis an earnáil bia dhúchasach sa réigiún a fhorbairt. Tá tionchar suntasach ag an ngeilleagar réigiúnach freisin.

Infheistíocht i dTionscail Chruthaitheacha

Cuireann ár gCiste Micri-lasachta i dTionscail Chruthaitheacha cistiú ar fáil do thrádálaithe aonair, comhpháirtíochtaí, gnólachtaí, comharchumainn, agus grúpaí a oibríonn san earnáil tionscal cruthaitheach.

Ciste WRAP

Bunaíodh Ciste Léiritheoirí Closamhairc Réigiún an Iarthair (Ciste WRAP) le cabhair a thabhairt chun earnáil chlosamhairc an réigiúin a fhorbairt. Is comhthionscnamh é idir Ionad Scannán na Gaillimhe agus CFI i gcomhar le húdaráis áitiúla sa Chlár, Dún na nGall, Cathair na Gaillimhe, Contae na Gaillimhe, Maigh Eo, Ros Comáin, Sligeach agus Údarás na Gaeltachta.

Tá Ciste WRAP ceaptha chun infheistíocht straitéiseach a sholáthar a spreagann gníomhaíocht réigiúnach léiriúcháin i measc na n-earnálacha scannán, drámaíocht teilifíse, beochana agus cluichíochta, chun tacú le tallann áitiúil, fostaíocht inbhuanaithe a chruthú, an bonneagar closamhairc a fhorbairt agus cur le cultúr agus teanga Réigiún an Iarthair.

Rinne Ciste WRAP €593,750 a infheistiú i 7 dtionscadal in 2023:

Sampla de Chiste WRAP – Obituary

Ba é an comhlacht léiriúcháin Magmedia atá lonnaithe i nGaillimh a léirigh an tsraith seo ó chlár agus rinneadh scannánú i nDún na nGall (Béal Átha Seanaidh agus Bun Dobhráin). Craoladh an tsraith teilifíse seo ina bhfuil Siobhán Cullen, Michael Smiley agus Ronan Rafferty agus arna scríobh/cruthú ag Ray Lawlor ar RTÉ i mí Mheán Fómhair 2023. Is sraith dhúghrinn atá ann agus d'éirigh go han-mhaith léi ó thaobh léirmheasanna de.

Plean Fiontraíochta Réigiúnaí

Tionscnamh de chuid na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta iad na Pleananna Fiontraíochta Réigiúnaí. Forbraíonn páirtithe leasmhara réigiúnacha Pleananna Fiontraíochta Réigiúnaí agus díríonn siad ar thabhairt faoi thionscnaimh chomhoibritheacha ar féidir leo cabhrú le borradh fiontraíochta a sholáthar i ngach ceann de na naoi réigiún ar fud na hÉireann. Cuid thábhachtach iad de thiomantas Chlár an Rialtais d'fhorbairt fiontraíochta réigiúnaí níos cothroime a bhaint amach. Rinne CFI an bainisteoir clár do PFR an lathair a óstáil in 2023. Seoladh pleananna don lathair agus don lathuaisceart go luath in 2022. Is cuspóirí straitéiseacha ardleibhéil agus gníomhartha sonracha atá sna pleananna. Tá grúpa oibre tiomnaithe ag obair ar gach cuspóir chun na gníomhartha a chur i ngníomh.

I measc na bpríomhghníomhartha agus na bunspríocanna inghnóthaithe in 2023, tá:

- Tionscadal Eorpach GoNaturePOsitive á stiúradh ag Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, agus Coimisiún Forbartha an lathair ina chomhpháirtí píolótach, ag comhtháthú prionsabail atá dearfach ó thaobh an dúlra de le comhthéacs an Gheilleagair Ghoirm d'fhiontar agus d'infheistíocht nuálach bunaithe ar an dúlra.
- Chuaigh Coimisiún Forbartha an lathair i gcomhpháirt le Clár Méadaithe Dhomhanda CivTech Alliance. Tarraingíonn an clár seo príomhchlár nuálaíochta GovTech agus CivTech ó gach cearn den domhan le chéile chun ardán domhanda a sholáthar do chuideachtaí mearfháis. Ina theannta sin, daingníodh ballraíocht i Líonra Eorpach na Saotharlann Maireachtála (ENoLL).
- Tá Coimisiún Forbartha an lathair tar éis rannpháirtíocht lathair na hÉireann a chinntiú mar chomhréigiún sa Tionscnamh Eorpach um Chathracha agus Réigiúin Ciorclán (CCRI).

- Tá an tionscnamh EDIH Data2Sustain do réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair maoinithe go foirmiúil anois faoin gCiste Athléimneachta agus Téarnaimh. Tá EDIH faoi stiúir Ollscoil Theicneolaíochta an Atlantaigh le comhpháirtithe WestBIC, Ollscoil na Gaillimhe, ERNACT, Coimisiún Forbartha an Iarthair, Oifig Fiontair Áitiúil Mhaigh Eo, Údarás na Gaeltachta agus Tionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair. Cuirfidh EDIH 'tástáil roimh infheistíocht', scileanna & oiliúint, meaitseáil agus tacaíocht mhargaidh ar fáil, chomh maith le rochtain ar sheirbhísí airgeadais ar fud na comhpháirtíochta, ag gníomhú mar 'ionad ilfhreastail' fíorúil do FBManna agus eagraíochtaí poiblí, ag iarraidh a ndigitiú a chur chun cinn.
- D'éirigh le Coimisiún Forbartha an Iarthair comhpháirtíocht chomhlachaithe a chinntiú le Pobail Eolais agus Nuálaíochta na hInstitiúide Eorpaí um Nuálaíocht & Teicneolaíocht (EIT) do Thionscail na nEarnálacha Cruthaitheacha agus Cultúir (CCSI) agus tá sé ina bhall den Chlub Beartais agus den Chomharchumann Ionad Suímh Iarthuaisceart na hEorpa.



Ceannaireacht Réigiúnach




Áirítear leis seo ár spriocanna meántéarmacha chun comhtháthú a fhorbairt ar fud an réigiúin. Léiríonn sé chomh maith ár dtacaíocht don aistriú chuig obair chianda agus dháilte, a chuireann deiseanna suntasacha ar fáil le haghaidh borradh tuaithe agus réigiúnach. Cumhdaítear sa cholún seo dár straitéis chomh maith anailís beartais ar phríomh-shaincheisteanna réigiúnacha agus ar thionscadail náisiúnta agus AE a fhiosraíonn agus a mheasann bealaí nua oibre agus le comhoibriú a dhéanamh agus soláthraíonn sé an t-ardán ar mhaithe le smaointeoireacht chun cinn agus athléimneacht réigiúnach.

Anailís Beartais

Scrúdaíonn an fhoireann anailíse sonraí agus saincheisteanna a bhaineann le forbairt shóisialta agus gheilleagrach Réigiún an Iarthair.

Is éard a bhaineann leis seo gné réigiúnach a sholáthar nuair a dhéantar sonraí foilsithe a anailísiú, anuas ar thabhairt faoi phríomhthagairde cáilíochtúil agus cainníochtúil. Tá buaicphointí obair na foirne beartais i rith 2022 faoi chaibidil thíos.



Innéacs Soghluaisteachta Inbhuanaithe do bhailte tuaithe

I mí Feabhra 2023, sheolamar tuarascáil dar teideal ‘Innéacs Soghluaisteachta Inbhuanaithe do Bhailte Tuaithe i Réigiún an Iarthair in Éirinn’ a sholáthraíonn bunlíne de shoghluaisteacht inbhuanaithe i 35 baile tuaithe i Réigiún an Iarthair.

Is é an tInnéacs um Shoghluaisteacht Inbhuanaithe an chéad cheann dá leithéid don tuath in Éirinn agus forbraíodh é chun feabhas a chur ar ár dtuiscint ar riachtanais soghluaisteachta na ndaoine a chónaíonn i mbailte agus conas is féidir é seo a ailíniú le forbairtí agus athruithe beartais.


D’fhorbair CFI agus sainghrúpa oibre teicniúil an TBS le hionadaithe ó Bhonneagar Iompair Éireann, Ollscoil Theicneolaíochta an Atlantaigh, Údarás na Gaeltachta, AECOM agus go leor eile. Bhí ról luachmhar ag an Údarás Náisiúnta Iompair agus ag na hÚdaráis Áitiúla maidir le sonraí breise a sholáthar.

Is éard a bhí i gceist leis an Innéacs um Shoghluaisteacht Inbhuanaithe ná faisnéis a bhailiú ar sheirbhísí iompair phoiblí, conas a thaistealaíonn daoine sa bhaile, sócmhainní áitiúla, agus bonneagar. Tá fachtóirí cosúil le seirbhísí áitiúla agus láithreach post tábhachtach freisin chun tuiscint a fháil ar phatrúin agus feidhmeanna soghluaisteachta bailte. Tugadh scór do bhailte bunaithe ar a n-ullmhacht don aistriú ísealcharbóin, rochtain ar fhostaíocht agus ar ghníomhaíocht eacnamaíoch, agus rochtain ar sheirbhísí agus áiseanna sóisialta.

Cianobair

Lean Coimisiún Forbartha an Iarthair agus Ollscoil na Gaillimhe lena gcomhoibriú in 2023. I mí Mheán Fómhair 2023, seoladh ár gceathrú Suirbhé Náisiúnta Cianoibrithe ag cur leis na dtrí shuirbhé náisiúnta bliantúla faoinar thug an fhoireann roimhe sin.

Tugtar léargas i staidéar 2023 ar conas a d'athraigh an chianobair eispéiris oibre agus fostaíochta fostaithe. Bhailigh an suirbhé freagraí ó bheagnach 6,000 freagróir ag deireadh mhí Mheán Fómhair agus ag tús mhí Dheireadh Fómhair ar a gcuid taithí ar an gcianobair. Eisíodh torthaí an tsuirbhé i mí na Samhna 2023.



Aighneachtaí Beartais

Déanann an Fhoireann Anailíse Beartais aighneachtaí agus cuireann siad aschur eile le chéile a bhaineann le léargas agus moltaí beartais i measc réimse fairsing limistéar a bhaineann le forbairt gheilleagrach agus shóisialta a chur chun cinn sa réigiún. Rinneadh roinnt aighneachtaí in 2023 le comhairliúcháin phoiblí, na cinn seo a leanas ina measc:

Freagra CFI Eanáir 2023 chuig Comhairliúchán na Príomh-Oifige Staidrimh maidir le Daonáireamh 2027

Aighneacht CFI Eanáir 2023 chuig Coiste Beartais Straitéisigh na Gníomhaireachta Forbartha Tionscail ar threochtaí na Cianoibre

Aighneacht CFI Bealtaine 2023 chuig an gCoimisiún um Rialáil Fónais ar Dhréachtphean Forbartha Tarchuir EirGrid 2023-2032

Aighneacht CFI Meitheamh 2023 chuig an gComhairliúchán don Athbhreithniú Meántéarmach ar Chlár na nAerfort Réigiúnach 2021-2025

Aighneacht CFI Mí na Samhna 2023 chuig ZEVI ar an Dréachtphean um Líonra Náisiúnta Luchtaithe ar an tSlí d'Fheithiclí Leictreacha

Aighneacht CFI ar Shaincheisteanna don Athbhreithniú Meántéarmach ar Chlár na nAerfort Réigiúnach 2021-2025

Faisnéisiú Beartais

Obair ón mBaile: Rinne an Faisnéisiú Beartais seo athbhreithniú ar shonraí náisiúnta agus réigiúnacha ar phatrúin oibre ón mbaile ón Daonáireamh agus ón Suirbhé ar an Lucht Saothair thar an tréimhse 2019-2023 agus cuireann sé pictiúr réamhphaindéimeach agus iarphaindéimeach ar fáil ar mhéid na hoibre atá á dhéanamh ón mbaile.

Forbairt Inbhuanaithe a nascadh leis an gCreat Náisiúnta Folláine: Díríonn an Faisnéisiú Beartais seo ar an gcreat náisiúnta folláine a neartú maidir le dhá phríomhnasc atá in easnamh, i.e. easpa soiléireachta maidir le coincheap na forbartha inbhuanaithe agus easpa comhtháthú réigiúnach a chuireann roghanna beartais maidir le forbairt réigiúnach as riocht.

Tuarascáil Achoimre ar Dhaonáireamh 2022 le CFI do Réigiún an Iarthair mí Iúil 2023

D'ullmhaigh foireann Anailíse Beartais CFI tuairisc ghearr ag cur béime ar phríomhstaitisticí do Réigiún an Iarthair agus a chontaetha sa chéad fhoilseachán Daonáirimh seo. Díríonn an tuarascáil ar na táscairí is ábhartha d'obair Réigiún an Iarthair agus CFI. Áirítear orthu sin daonra, inscne, aois, cóimheasa spleáchais, sláinte, stádas eacnamaíoch agus tréithe saothair, cianobair agus nascacht mar aon le roinnt táscairí inbhuanaitheachta. Déantar anailís ar shonraí de réir contae agus do na seacht gcontae i Réigiún an Iarthair (Dún na nGall, Sligeach, Liatroim, Maigh Eo, Ros Comáin, Gaillimh agus an Clár) agus cuirtear staid an réigiúin i gcomparáid leis an gcuid eile den stát.

Blaghostálacha Léargais

In 2023, d'fhoilsigh an fhoireann Beartais 8 mblaghostáil ar an iomlán ar ábhair éagsúla; is féidir iad a léamh anseo.



Ceangailte

Straitéis na Mol Ceangailte

In 2023, d'fhorbraíomar straitéis nua trí bliana chun obair Líonra na Mol Ceangailte a leagan amach. Beidh an plean seo ailíniú ar aon dul le Straitéis an Mhoil Náisiúnta.

Tá Straitéis an Mhoil Náisiúnta á forbairt faoi láthair ag CFI, an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, agus tá sé le cur faoi bhráid chomhaltaí na Comhairle i R2 2024 le faomhadh agus le foilsiú.

Theastaigh go mór ó na Moil Cheangailte ó cuireadh tús leis an tionscadal Earnáil na Mol a chumhdach i mbeartas rialtais, agus cuireadh tús leis an bpróiseas seo ag Cruinniú Mullaigh an Mhoil Náisiúnta i mí na Samhna 2022. Le linn 2023, bhí foireann na Mol Ceangailte i gceannas ar fhorbairt na straitéise seo leis an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, trí shraith de sheisiúin chomhairliúcháin a reáchtáladh i gceithre shuíomh ar fud na tíre. Tá an straitéis seo go mór chun cinn sa phróiseas forbartha anois agus tá CFI, Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta ag obair le chéile chun í a chur chun cinn.



Ardán áirithinte agus tacair shonraí Connectedhubs.ie

Cuireann Connectedhubs.ie seirbhís 24/7/365 ar fáil. Cuireann an t-ardán uirlis áirithinte/fógráin tosaigh ar fáil do mhoil, mar aon le hamhairc ar an Deais, tuarascálacha agus uirlisí bainistíochta do mhoil, agus amhairc deaise, uirlisí agus tuarascálacha do bhaill an mhoil (úsáideoirí). Baineann modúl imeachtaí leis chomh maith, a fhógraíonn agus a sholáthraíonn uirlis áirithinte le haghaidh imeachtaí moil.

In 2023 bhaineamar an méid seo a leanas amach:

- 336 mol ionductaithe (beo) | Is é 400 an sprioc a luaitear san fhoilseachán Ár dTodhchaí Tuaithe
- 5,000 deasc ar fáil le cur in áirithe
- 500 seomra cruinnithe ar fáil le cur in áirithe
- 14,400 cuntas úsáideora cláraithe san iomlán
- 21,600 áirithintí / orduithe san iomlán (lena n-áirítear >7,800 ordú don Scéim um Dhearbhaín na Mol Nasctha)

Mar bhuntaca d'ardán na Mol Ceangailte, tá sraith tacair sonraí a bhaineann leis an Líonra Mol Náisiúnta agus a nuashonraítear go laethúil.

Tá Moil Cheangailte ina chaomhnóir ar an gcéad chlár moil náisiúnta, an t-aon cheann dá chineál, atá ina GIS néalbhunaithe atá inrochtana go poiblí, agus cuirimid eisiúintí sonraí ar fáil don Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail ar bhonn seachtainiúil. Tharla níos mó ná 100 pointe scaoilte sonraí don Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail ó mhí na Nollag 2021 go dtí deireadh 2023.

Ón bpróiseas leanúnach luaineach fionnachtana mol, lena n-áirítear freagraí ar shuirbhé do mhoil a chlárú, rinneadh 716 mol ionchasacha san iomlán a chlárú faoi dheireadh na bliana 2023 ar chlár beo Líonra an Mhoil Náisiúnta atá bunaithe ar GIS, agus glanadh 100% de na sonraí léarscáile.

Tá na tacair sonraí á roinnt le príomhpháirtithe leasmhara eile agus le heintitis taighde. I measc na samplaí comhoibrithe tá an Phríomh-Oifig Staidrimh, Coláiste na Tríonóide, Grow Remote, an tÚdarás Náisiúnta Iompair, Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann, Líonra Comhoibrithe Lár na Tíre, an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, údaráis Áitiúla, Moil, Smart Dublin, myRWH, COBÁC, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, agus Coláiste Tuaithe na hAlban (SRUC).

I mí an Mhárta 2023, ag gradaim ratha custaiméara Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta na hÉireann (ESRI), cuireadh Moil Cheangailte ar an ngearrliosta don ghradam ‘Tacaíochta Cinntí & Anailísíochta’ mar aitheantas ar obair den scoth in GIS agus tiomantas do ‘Dhifríocht a Dhéanamh’ do gach saoránach agus pobail ar a bhfreastalaítear.

I mí Dheireadh Fómhair 2023, d’fhoilsigh ESRI cás-staidéar comhpháirteach ‘Cianobair a éascú ar fud na hÉireann’ faoi úsáid GIS i Líonra an Mhoil Náisiúnta, mar scéal ratha custaiméara ag leagan béime ar na buntáistí a bhaineann le GIS néalbhunaithe.

Éiceachóras pobail na mol

Díríonn Éiceachóras pobail na mol ar chaidrimh a chothú ar fud na Mol go léir san earnáil, feabhas a chur ar an líonra mar acmhainn chun eolas a chur ar fáil do bheartas ag gach leibhéal, agus tacaí ábhartha atá ag athrú de shíor a sholáthar do bhainisteoirí Moil, don fhoireann agus d’oibrithe deonacha. Beidh ár gCruinnithe Pobail Mol coicíse ar líne ar siúl le trí bliana faoi 2024 agus bhí breis agus 3,790 duine i láthair ó thosaigh siad in 2021. Tugann na seisiúin seo deis do bhainisteoirí moil léargais lánbhríocha a fháil ar na príomhábhair a théann i bhfeidhm ar a n-earnáil agus deis a bheith acu comhoibriú agus léargais dea-chleachtais a roinnt. Soláthraíonn sé faisnéis thráthúil freisin d’fhoireann na Mol Ceangailte maidir le saincheisteanna a bhaineann le forbairt earnáil na mol agus a úsáidtear ansin chun bonn eolais a chur faoi bheartas an rialtais.

Margaíocht agus Cur Chun Cinn Líonra na Mol

Is gníomhaíocht leanúnach é Margaíocht agus Cur Chun Cinn Líonra na Mol a chuidíonn le moil teacht ar dhaoine a mbíonn deacracht acu nithe a dhéanamh ina n-aonar a n-éiríonn leo a dhéanamh mar chuid de thionscadal na Mol Ceangailte.

Is í an fhís do mhargaíocht na Mol Ceangailte ná a bheith ar an mbranda so-aitheanta ag Líonra Mol na hÉireann, ag léiriú speictream éagsúil de mhoil agus ag cur na seirbhísí agus na tairbhí a chuireann siad ar fáil do spriocluchtanna éagsúla in iúl.

Tá sé mar aidhm againn branda a fhorbairt a bhfuil meas ag gach mol sa líonra air agus is uirlis mhealltachta é chun moil nua a spreagadh le bheith páirteach ann.

Tá sé mar aidhm againn aitheantas idirnáisiúnta a fháil ar an mbranda agus aird a tharraingt ar an tionscadal uathúil atá ar bun ag Rialtas na hÉireann.

Feidhmeoidh ár moil mar chomhpháirtithe chun an branda a chur chun cinn agus beidh an t-eolas agus na scileanna acu a theastaíonn chun ár bhfís a roinnt go héifeachtach.

Príomhfheachtais Mhargaíochta

In 2023 chuir Moil Cheangailte branda athnuaite i bhfeidhm, ag nuashonrú cuma agus mothú ghuth an bhranda chun é a dhéanamh níos ilúsáide agus níos solúbtha. Le linn 2023, cuireadh an branda seo i bhfeidhm ar fud ár n-ardán margaíochta agus Connected Hubs. ie. Tugadh suntas don luach agus don tionchar a bhí ag an obair fhorbartha ag Cruinniú Mullaigh an Mhoil Náisiúnta nuair a spreag sé tuairimí ón Aire Simon Coveney agus ó thoscáirí eile.

Príomhchúram do Mhoil Nasctha is ea oideachas a chur ar fhoirne moil agus a scileanna margaíochta a fheabhsú, agus ábhair mhargaíochta a sholáthar dóibh lena n-úsáid. Rinneadh obair shuntasach sa réimse seo in 2023, lena n-áirítear ceardlanna ar líne, ‘pacáistí meán sóisialta’ a sholáthar chun ailíniú le príomhfheachtais, margaíocht a dhéanamh ar nuachtlitreacha ar leith, treoir ar smaointe comhpháirtíochta e.g. Treoirleabhar na Mol maidir le comhpháirtíocht a dhéanamh le Féilte, mar aon le meantóireacht duine le duine agus obair chruthaitheach le moil aonair.

Trínár bhfeachtas leanúnach ar na meáin shóisialta, dhíríomar ar fhaisnéis faoi tháirgí agus seirbhísí moil a roinnt le húsáideoirí aonair ar nós cianoibrithe, fiontraithe aonair, etc. Ba iad príomhchórais an fheachtais seo ná tionchairí, blaghostálacha réigiúnacha, cur chun cinn táirgí & seirbhísí moil, agus léargais a roinnt. Ba bhunábhar orgánach agus meáin shóisialta íoctha a bhí i measc an ábhair ar chainéil lena n-áirítear LinkedIn, Instagram, Facebook agus Twitter.

Dhírigh an feachtas Corparáideach - #MoreConnected - ar lucht déanta cinntí gnó ó Phríomhfheidhmeannaigh go foirne AD, Áiseanna & TF. Is é an aidhm atá leis ná feasacht a ardú ar mhoil mar mhúnla oibre atá ag teacht le forbairt ‘thodhchaí na hoibre’ agus príomhspreagthaí gnó amhail costas, riosca, folláine fostaithe agus freagracht shóisialta chorparáideach. Bhain roinnt snáitheanna leis an bhfeachtas, lena n-áirítear feachtas straitéiseach éifeachtach íoctha, faoi úinéireacht agus tuillte thar comhpháirtíochtaí sóisialta, láithreán gréasáin, cláir, fuaime, PR & íoctha. Baineadh úsáid fhorleathan as cás-staidéir ar ghnóthais de mhéideanna agus d’earnálacha éagsúla a úsáideann na moil. Bhí Moil Cheangailte le feiceáil in ailt san Irish Times, Sunday Business Post, Business Plus, The Journal.ie agus Silicon Republic. Léiríonn an íomhá thíos ábhar samplach agus achoimre ar fheidhmíocht an fheachtais suas go dtí deireadh mhí na Nollag 2023. Féach ar na cás-staidéir a foilsíodh go dtí seo [anseo](#).

Comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta

Chomh maith le naisc idirnáisiúnta nua a chothú trí Chruinniú Mullaigh an Mhoil Náisiúnta, lean na Moil Cheangailte ag cur lenár gcaidrimh idirnáisiúnta agus ag teacht orthu trí chomhoibriú agus comhpháirtíochtaí AE.

Cuairt Staidéir Interreg Europe

I mí Dheireadh Fómhair, d'óstáil Moil Cheangailte clár Athbhreithnithe Piaráí ar Bheartas Interreg thar dhá lá. Chomhoibrigh toscaireacht ó Chontae Pölvamaa san Eastóin, mar aon le saineolaithe polasaí ó Ardán Foghlama Beartais Interreg Europe agus grúpa piaraí idirnáisiúnta, le foireann CFI agus Chomhairle Contae Liatroma. Ba é an cuspóir ná saineolas a sholáthar maidir le beartais níos fearr a fhorbairt maidir le brandáil réigiúnach agus chun fánaithe digiteacha agus imircigh stíl mhaireachtála a mhealladh.

Bhí eispéireas Éireannach á lorg go sonrach ag ionadaithe ó Chontae Pölvamaa mar bhunús leis an athbhreithniú, ag aithint tábhacht na Mol Ceangailte - Líonra an Mhoil Náisiúnta agus na céimeanna beartais náisiúnta a glacadh ina leith sin.

Chuimsigh an t-imeacht seo áiteanna éagsúla, lena n-áirítear Campas na Carraige, Mol Digiteach Hive, an Mol Bia, agus an drioglann i nDroim Seanbhó. Cuireadh críoch leis le cuairt ar Mhol Digiteach Co:worx i Meathas Troim.

Ealaín sna moil

Cuireadh Ealaín sna Moil, comhoibríocht idir Coimisiún Forbartha an Iarthair, na Moil Cheangailte agus Cumann Ealaíon Comhaimseartha na hÉireann (CIAS), ar an ngearrliosta don Ghradam clúiteach don Chruthaitheacht is Fearr san Ionad Oibre ag na Gradaim Business to Arts. Ba léiriú an t-aitheantas seo ar chur chuige nuálach an tionscadail maidir le cruthaitheacht a chothú in áiseanna cianoibre ar fud na tíre.

Sheol an tAire Forbartha Tuaithe agus Pobail, Heather Humphreys TD, an tionscnamh i mí Feabhra 2023. Tugann sé cumhacht na healaíne chuig spásanna cianoibre trí líonra na Mol Ceangailte. Mar chuid den tionscadal, coimeádtar píosaí tarraingteacha ealaíne go cúramach agus cuirtear i moil iad, rud a chruthaíonn timpeallachtaí spreagúla do chianoibrithe. Geallann moil rannpháirteacha freisin go dtabharfaí tacaíocht d'obair ealaíontóirí áitiúla. Tá aiseolas an-dearfach faighte faoin tionscadal píolótach, a raibh sé mhol i gceist leis, rud a réitigh an bealach do chur i bhfeidhm náisiúnta. Tá 20 mol ag glacadh páirte sa scéim anois ar fud na tíre.

Foghlaim sna Moil

I mí an Mheithimh, sheol an tAire Forbartha Tuaithe agus Pobail, Heather Humphreys TD, agus an tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Simon Harris TD, tionscnamh nua a ligfidh do mhic léinn cúrsaí coláistí páirtaimseartha a chur i gcrích ina n-ionad cianoibre áitiúil. Cuireadh 'Foghlaim sna Moil' i bhfeidhm ar dtús i Lár na Tíre faoi chomhpháirtíocht straitéiseach idir na Moil Cheangailte agus Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne. Tá an tionscnamh píolótach dírithe ar fhoghlaimeoirí fásta.

Faoin tionscadal seo, tabharfaidh mic léinn faoi obair chúrsa agus freastalóidh siad ar ranganna i suíomh grúpa i saoráid de chuid na Mol Ceangailte. Tá sé mar aidhm ag an tionscnamh ceannródaíoch seo cláir oideachais tríú leibhéal a thabhairt chuig pobail ar fud na hÉireann trí líonra na Mol Ceangailte, ag cur ar chumas foghlaimeoirí fásta staidéar a dhéanamh go háitiúil laistigh de thimpeallacht grúpa thacúil.

Ar cheann de na gnéithe uathúla de na cláir seo, tabharfaidh léachtóirí is saineolaithe tionscail iad taithí fhairsing agus samplaí fíorsaoil isteach sa seomra ranga. Dúnann an cur chuige seo an bhearna idir foghlaim theoiriciúil agus feidhmiú praiticiúil, rud a chuireann ar chumas rannpháirtithe a gcuid eolais nua a chur i bhfeidhm san ionad oibre agus i gcásanna fíorsaoil.

Tá os cionn 40 mol ag glacadh páirte sa chlár tosaigh – Teastas i Scileanna Bainistíochta Maoirseachta do Cheannairí Foirne – agus tá nach mór 70 mac léinn ina bhun.

Lá Taispeántais na Mol Nasctha

Ar an 26 Aibreán 2023, d'óstaigh breis agus 50 Mol Ceangailte imeachtaí ar fud na tíre inar léiríodh éagsúlacht réigiúnach líonra an mhoil dhigitigh. Bhain formáidí éagsúla le himeachtaí, lena n-áirítear craoltaí comhoibrithe, imeachtaí cainteora agus maidineacha caife.

Mar chuid d'fheachtas náisiúnta an Rialtais chun cianobair a chur chun cinn, spreag an Lá Taispeántais náisiúnta níos mó fostóirí, gnólachtaí beaga agus gnólachtaí nuathionscanta féachaint ar an raon leathan roghanna cianoibre atá ar fáil go náisiúnta.



Tuarascáil maidir le Moil a Dhícharbónú

Chuir na Moil Ceangailte tuarascáil i gcríoch ina ndéantar plé (le cúnamh ó Chórais Faisnéise Geografaí) ar dhícharbónú a dhéanamh ar Líonra Mol Náisiúnta na hÉireann d'infreastruchtúr cianoibre laistigh de chomhthéacs inbhuanaitheachta.

I measc na moltaí, bhí na pointí seo a leanas:

- A bheith páirteach go hiomlán i ngnéithe d'uasghrádú agus d'iarfheistiú a dhéanamh ar na foirgnimh agus ar na háiseanna moil atá ann cheana féin laistigh den Líonra Mol Náisiúnta.
- Cairt Ghníomhaíochta Aeráide a fhorbairt agus a ghlacadh don Líonra Mol Náisiúnta ar a dtugtar CH.
- Beartais, cleachtais agus nósanna imeachta de chineál na hOifige Bainistíochta Tionscadal a ghlacadh do chlár Líonra Mol Náisiúnta atá ann cheana agus atá beartaithe chun a bheith ag teacht le cuspóirí straitéiseacha, chomh maith le buntáiste iomaíoch a bhaint amach.
- Pobal Fuinnimh Inmharthana de chuid Údaráis Fuinnimh Inmharthana na hÉireann a bhunú don Líonra Mol Náisiúnta/CH.
- Pleananna Feabhsúcháin Mol agus Pleananna um Laghdú Carbóin Mol a fhorbairt.
- Sreafaí maoinithe tiomnaithe ilbhliantúla nua a bhunú, a chumasóidh clár mhaoinithe spriocdhírthe do Mhoil Dhícharbónaithe trí mheicníochtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Lámhleabhar Treorach maidir le Dea-Rialachas

I mí Mheán Fómhair 2023, sheol Moil Cheangailte, i gcomhpháirtíocht le Comhlachas Fiontraíochta Pobail Éireann, an chéad Lámhleabhar Treorach maidir le Dea-Rialachas, a bhfuil sé mar aidhm aige sláine rialachais agus maoirseacht ionad agus moil ar fud an Líonra a neartú agus a dhaingniú. Cuimsíonn an Lámhleabhar gnéithe riachtanacha amhail treoirlínte eiticiúla, prótacail oibriúcháin, próisis chinnteoireachta, agus meicníochtaí faireacháin agus meastóireachta. Tá sé mar aidhm aige freisin bonn láidir rialachais a sholáthar d'ionaid agus do mhoil chun oibriú le hionracas, comhoibriú éifeachtach a éascú, agus a dtionchar ar phobail a uasmhéadú.

Cruinniú Mullaigh na Mol Náisiúnta

Rinne na Moil Cheangailte an dara cruinniú mullaigh duine le duine de chuid na Mol Náisiúnta a óstáil ar an 22 Samhain. D'fhreastail os cionn 230 toscaire ar imeacht na bliana seo a bhí ina ardán do chainteoirí idirnáisiúnta agus Gaeilge, foirne moil, comhlachtaí ionadaíocha, gníomhaireachtaí stáit agus ranna rialtais chun páirt a ghlacadh i bplé maidir le treo straitéiseach Ghréasán na Mol Náisiúnta in Éirinn amach anseo. Bhí téama na hócáide bunaithe ar cholúin na Dréachtstraitéise Mol Náisiúnta – Fiontraíocht, Fostaíocht, Pobal agus Aeráid.

I measc na bpríomhchainteoirí, bhí an tAire Simon Coveney, TD; an tAire Heather Humphreys, TD (trí nasc físe); John O'Duinn - stratéisí SAM agus údar 'Distributed Teams'; Pauline Roussel & Dimitar Inchev – bunaitheoirí an bhranda domhanda 'Coworkies'; Yoshio Tsuda - Bunaitheoir & Stiúrthóir ar spás comhoibrithe na Seapáine 'Morino-Office'; Hans Zomer – POF an Phlean Gníomhaíochta Domhanda; agus Mary McKenna, infheisteoir aingil agus bunaitheoir Awaken Hub.





Geilleagar Cruthaitheach

In 2023 lean CFI lena ról ceannaireachta maidir le tacú le geilleagar cruthaitheach an réigiúin agus é a fhás. Chlúdaigh tionscnaimh tacaíochta réimsí ar nós scannán [ciste WRAP], turasóireacht liteartha, Dearadh, Claochlú Digiteach, an earnáil Createch, agus an ról leanúnach in eagraíochtaí tacaíochta cruthaitheacha agus cultúrtha ar leibhéal an phobail a fhorbairt e.g. Fóram Laurentic i nDún na nGall.

Geilleagar cruthaitheach san Eoraip

In 2023, fuair CFI agus chuir sé i bhfeidhm tionscadail Eorpacha ar théama an gheilleagair chruthaithaigh ar luach > €2.5 milliún iad. Trína tionscadail seo, oibríodh le geallsealbhóirí agus leis an bpobal cruthaitheach chun ábhar nua a fhorbairt agus chun úsáid na dteicneolaíochtaí digiteacha a mhéadú i léiriú agus i seachadadh táirgí cruthaitheacha araon. Reáchtáil an tionscadal IMMERSE, arna mhaoiniú ag Éire Ildánach, ceardlanna chun teicneolaíochtaí AR/XR a chur i láthair na hearnála cruthaithí áitiúil.

Dearadh Cruthaitheach

Tríd an tionscnamh TIDE an Atlantaigh, arna mhaoiniú ag Éire Ildánach, d'oibrigh CFI le tionscal dearaidh an réigiúin chun eolas a aistriú agus deiseanna a mhéadú lena n-áirítear Comhairle Contae Shligigh, institiúid na ndearthóirí Éireann agus CREW.

Buaicphointí cruthaitheacha

- Le Fóram Laurentic ag cruthú pobail chruthaitheacha chun an earnáil a fhorbairt i réigiún an iarthuaiscirt. I measc na gcomhpháirtithe, tá Comhairle Dhún na nGall, comhpháirtíocht tosaigh agus forbartha, Newfoundland.
- Ionchuir thuarascáil ARCC - staidéar féidearthachta chun réigiún comh-oileáin an Atlantaigh d'ábhar cruthaitheach a fhorbairt.
- Corn Dúshlán Cruthaitheach, an chéad reáchtáil den chomórtas cruthaitheach idirnáisiúnta seo chun gnólachtaí a fhás agus a fhorbairt.

Tionscadail an AE – Acmhainní a Fhorbairt don Réigiún agus dá Pháirtithe Leasmhara

Chuir CFI tús lena dhara deich mbliana ag tacú le forbairt réigiúnach iarthar na hÉireann trí leas a bhaint as saineolas agus maoiniú an AE. Toisc gur réigiún dinimiciúil sinn ar imeall na hEorpa, is neart ríthábhachtach é gur fhorbraíomar cumas chomh trasnáisiúnta sin chun ár ngeilleagar a fhás agus eolas a sholáthar dár sochaí.

Chuir CFI 13 thionscadal ar a raibh luach iomlán €25.84m i bhfeidhm go himheánach i rith na bliana. Trí oibriú le príomhpháirtithe leasmhara réigiúnacha amhail pleananna fiontraíochta réigiúnaí, Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh, Ollscoil na Gaillimhe agus FBManna, mhéadaíomar ár gcumas go mór chun deiseanna a shainaithint agus teacht ar chistí le haghaidh borrrtha sna blianta amach anseo.



Éachtaí Móra 2023

- 13 thionscadal AE arna n-urrú agus arna dtosú ag CFI in 2023 ar luach iomlán €25.84 milliún. Léiríonn sé seo méadú faoi thrí ar an ráta ratha roimhe seo.
- Infheistíocht Réigiúnach Dhíreach - €11.84 milliún san iomlán i maoiniú nua AE faighte do réigiún an iarthair, ar leithdháileadh €8.88 milliún dár pháirtithe leasmhara réigiúnacha (Westbic, OTA, UoG, CREW, Bia Innovator, RDI Hub, Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan).
- >244 gnó tuartha le bheith páirteach, 70 FBM le tacaíocht dhíreach a fháil (trí ionstraimí maoinithe nó a choibhéis).
- I measc na réimsí tacaíochta, tá geilleagar ciorclach, geilleagar cruthaitheach, turasóireacht mhara, aistriú teicneolaíochta, geilleagar glas (hidrigin agus inbhuanaitheacht), infheistíocht ar scála, éagsúlacht san fhiontraíocht, teicneolaíocht atá ag teacht chun cinn (XR agus AI), agus moil.
- In 2023, d'fheidhmigh CFI agus WREP an tionscadal UnicornQuest arna mhaoiniú ag an AE chun cuideachtaí ardacmhainneachta a choinneáil i Réigiún an Iarthair.

Tionscadail arna

Geilleagar ciorclach mara/plaisteach – CIRCNETS

I mí na Nollag 2022, fuair CFI deimhniú gur faomhadh tionscadal €1.5 milliún chun obair a dhéanamh chun plaistigh mhara a uaschúrsáil. Is tionscadal atá maoinithe ag an Imeall Thuaidh agus Artach 2021 - 2027 é Blue Circular Nets (CIRCNETS), a thacóidh le bunú córais bailiúcháin do threalamh iascaireachta ré caite i réigiún an Imill Thuaidh agus an Artaigh.

Is í aidhm fhoriomlán an tionscadail ná moltaí a dhréachtú chun córas bailiúcháin agus cóireála a bhunú le haghaidh trealamh iascaireachta ré caite i réigiún an Imill Thuaidh agus Artach. Déanfar cúinsí áitiúla agus ceanglais reachtacha a mheas agus an treoirphlean seo á dhréachtú.

Tá an tionscadal seo ríthábhachtach do réigiún a bhfuil sciar mair de cois cósta a mbaintear úsáid as agus a dtugtar cuairt air. Áirítear leis an gcomhpháirtíocht tionscadail seo an Fhionlainn, an Iorua, an Íoslainn, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh agus roinnt comhlachtaí tionscail.

Comhpháirtithe: Coimisiún Forbartha an Iarthair, Ollscoil Eolaíochtaí Feidhmeacha Kajaani, Remiks Miljøpark AS



Turasóireacht liteartha - N-LITE

Sa bhliain 2023, d'éirigh le CFI an tionscadal turasóireachta liteartha N-LITE, a sheasann do “Luasghéarú Teicneolaíochta Thumoideachas na Turasóireachta Liteartha”, a bhfuil sé mar aidhm aige teicneolaíocht a úsáid agus nuálaíocht a chothú chun deiseanna fostaíochta a ghiniúint agus dul chun cinn eacnamaíoch a spreagadh laistigh de réigiún an Imill Thuaidh agus an Artaigh.

Tá an tionscadal €1.5 milliún seo, arna stiúradh ag Coimisiún Forbartha an Iarthair, deartha chun borradh a chur faoi fhás agus iomaíochas FBManna in earnáil na Turasóireachta Liteartha. Agus béim á cur ar uirlisí agus ardáin dhigiteacha den scoth a thabhairt do FBManna, tá sé mar aidhm ag N-LITE a láithreacht sa mhargadh a leathnú agus eispéireas iomlán an chustaiméara a fheabhsú.

Trí leas a bhaint as acmhainneacht na teicneolaíochta tumoideachais, cuireann N-LITE cur chuige nua-aimseartha ar fáil don Turasóireacht Liteartha, ag cinntiú gur féidir le gnólachtaí teacht ar lucht spéise nua agus eispéiris uathúla a chur ar fáil. Aithníonn N-LITE chomh maith an gá atá le cleachtais inbhuanaithe turasóireachta agus tá sé mar aidhm aige séasúr na turasóireachta a leathnú trí ábhar digiteach nuálach. Tá rannpháirtíocht na n-óg ina phríomhfhócas do N-LITE. Tá comhoibriú le hollscoileanna sa réigiún beartaithe ionas go mbeidh baint ag daoine óga le hearnáil na Turasóireachta Liteartha. In 2024, eagróidh N-LITE ceardlanna a thabharfaidh daoine óga agus FBManna le chéile, lena gcothaítear idirphlé agus lena gcomhtháthófar dearchaí úra san earnáil.

Comhpháirtithe: Coimisiún Forbartha an Iarthair, Ollscoil Eolaíochta Feidhmí Kajani, Comhairle Réigiúnach Kainuu, Visit Tórshavn, Comhairle Contae Västerbotten, Músaem Nordland.

Turasóireacht mhuirí – DIBEST

In 2023, bhain CFI amach an tionscadal forbartha turasóireachta mhuirí €2.7 milliún DIBEST (Nuálaíocht Dhigiteach sa Gheilleagar Gorm chun Tacú leis an Turasóireacht) i gclár limistéar an Atlantaigh. Tar éis cruinniú tosaigh comhpháirtíochta sa Mhol RDI, Cill Orglan, Co. Chiarraí, tá an tionscadal faoi lán seoil anois. Tá sé mar aidhm aige cur le cumas digiteach an gheilleagair ghoirm agus na hearnála turasóireachta sóisialta i Limistéar Atlantach na hÉireann agus níos faide i gcéin thar na trí bliana atá romhainn.

Thar chúrsa an tionscadail DIBEST, cruthófar foireann uirlisí digiteacha, chomh maith le clár oiliúna cuimsitheach a leagfaidh béim ar fhoghlaím chomhpháirteach, ar mheantóireacht agus ar mheaitseáil ghnó maidir le claochlú digiteach, nuálaíocht agus teicneolaíochtaí. Tá cuibhreannas éagsúil ó Éirinn, an Fhrainc, an Phortaingéil agus an Spáinn ag tacú leis an tionscadal. Fostófar institiúidí acadúla, comhlachtaí poiblí agus eagraíochtaí príobháideacha faoin tionscadal. Tá tréithe eacnamaíocha agus turasóireachta ag na réigiúin chomhpháirtíochta seo agus Limistéar Atlantach na hÉireann, rud a chothaíonn comhshaol comhoibríoch.

Comhpháirtithe: Coimisiún Forbartha an Iarthair, Empresa Municipal de Iniciativas y Actividades Empresariales de Málaga S.A., Parque Tecnológico de Andalucía S.A., Ass Pole Competi Transac Elec Securisees, RDI Hub, EM Normandie Business School, Sines Tecnopolo, Munster Technological University, Asociación Galega de Actividades Náuticas-AGAN+, NERA, Região de Turismo do Algarve, Kerry Tourism Industry Federation, Universidade do Algarve, Universidad de Málaga, Cultural Roadmapp, SPL Développement Touristique du Cotentin.


Geilleagar ciorclach – teicstílí (THREAD)

Mar thoradh ar fhás an mhearfaisín, tá méadú tagtha ar dhramhaíl teicstíle, rud a chruthaíonn dúshláin chomhshaoil agus lóistíochta. Tugtar aghaidh ar an tsaincheist seo leis an tionscadal um Athúsáid Teicstíle agus Insealbhaith don Chomhshaol agus Forbairt Cheantar Imeall Thuaidh agus Artach (THREAD), arna maoiniú ag Clár Interreg Imeall Thuaidh agus Artach 2021-2027.

Tugann THREAD aghaidh ar na dúshláin phráinneacha a bhaineann le dramhaíl teicstíle agus an tionchar atá ag mearfhaisean ar an gcomhshaol i réigiún an Imill Thuaidh agus an Artaigh. Tá sé mar aidhm ag THREAD iniúchadh a dhéanamh ar acmhainneacht athúsáide agus athchúrsála teicstíle.

Déanfaidh an tionscadal measúnú ar an teicneolaíocht is fearr atá ar fáil do bhainistiú dramhaíola teicstíle sa réigiún, agus é mar fhís aige cur le leordhóthanacht acmhainní i bpobail an Imill Thuaidh agus an Artaigh.

Comhpháirtithe: Coimisiún Forbartha an Iarthair, Ollscoil Eolaíochtaí Feidhmeacha Kajaani, Remiks Miljøpark AS



Viaduct

Bhain CFI, i gcomhar le WREP, an tionscadal Viaduct amach in 2023. Tá sé mar aidhm ag VIADUCT (Valorising Public Research to Drive Technology Transfer and Commercialisation through the Creation of Spin-offs) cruthú agus forbairt táirgí seachthairbhe atá bunaithe ar an teicneolaíocht a chur chun cinn. Díríonn an tionscadal ar straitéisí um speisialtóireacht chliste agus tugann sé aghaidh ar na príomhbhacainní a bhaineann le bunú agus fás táirgí seachthairbhe trí ionstraimí beartais a fheabhsú.

Úsáideann an tionscadal múnla comhair idir-réigiúnach a chuimsíonn príomhchumann na hEorpa de ghairmithe Aistrithe Eolais, ASTP, mar chomhpháirtí comhairleach. Ina theannta sin, tá seacht gcomhpháirtí ó sheacht réigiún thar sheacht dtír Eorpacha i gceist leis an tionscadal, rud a chinntíonn ionadaíocht chothrom ar na réigiúin is airde agus ar na réigiúin bheagfhorbartha.

UnicornQuest

In 2023, d'fheidhmigh CFI an tionscadal UnicornQuest arna mhaoiniú ag an AE chun cuideachtaí ardacmhainneachta a choinneáil i Réigiún an Iarthair. Féachann UnicornQuest le dul i ngleic le héalú na cuideachta teicneolaíochta ón Eoraip trí “Gleannta Beaga” a bhunú mar chriosanna turgnamhacha do ghnólachtaí nuathionscanta. Feictear na gleannta seo mar thimpeallachtaí cothúcháin do ghnólachtaí nuathionscanta, ag cur ar fáil na hacmhainní agus an tacaíocht atá de dhíth orthu chun fás agus forbairt a dhéanamh san Eoraip. Tá an tionscadal dírithe ar uirlisí beartais éifeachtacha a fhorbairt, a roinnt agus a mhacasamhlú atá deartha chun cuideachtaí teicneolaíochta a mhealladh agus a choinneáil sna gleannta seo.

Tá sé mar aidhm ag UnicornQuest éiceachóras inbhuanaithe agus fabhrach a bhunú do chuideachtaí teicneolaíochta san Eoraip. Trí uirlisí beartais a chur i bhfeidhm agus a bheachtú, tá sé mar aidhm ag an tionscadal timpeallachtaí tarraingteacha tacúla a chruthú, ar a dtugtar “Gleannta Beaga,” do ghnólachtaí nuathionscanta agus do chuideachtaí teicneolaíochta. Is é an cuspóir deiridh cuideachtaí ardacmhainneachta a choinneáil laistigh den Eoraip, agus ar an gcaoi sin, rannchuidiú le fás eacnamaíoch, nuálaíocht agus iomaíochas ar scála mór-roinne.

Spectra

In 2023 chuir CFI agus WREP an tionscadal SPECTRA i bhfeidhm. Bhí an tionscadal seo, arna chomhordú ag Coimisiún Forbartha an Iarthair, mar thoradh ar iarratas rathúil ar mhaoiniú chuig an gCoimisiún Eorpach faoin nglao maoinithe “Éiceachóras Idirnasctha Eorpach Fhís na hEorpa”.

Seasann SPECTRA do ‘Stimulating Performance of Ecosystems in Creative Territories and Regional Actors’. Cuimsíonn an cuibhreannas comhpháirtithe in Éirinn (Tuaisceart agus Iarthar), sa Bhulgáir (Lár-Thuidh-BG), sa Danmhairg (Hovedstaden) agus sa Ghearmáin (Berlin). Comhpháirtí eile in Iarthar na hÉireann ná CREW, (lena n-áirítear comhpháirtithe comhlacha Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh agus Galway Cultural DAC). Tá sé mar aidhm ag an tionscadal éiceachóras níos freagraí agus níos athléimní a chruthú a bheidh in ann freagairtí comhordaithe a fhás agus a fhorbairt ar go leor dúshlán atá roimh na tionscail chruthaitheacha. Díreoidh sé ar chomhoibriú as a dtiocfaidh éiceachórais fheabhsaithe, idirnasctha, éagsúla, inscne-fhreagracha, iomaíocha agus inbhuanaithe. In 2023 d’aithin agus d’fhorbair an tionscadal i gcomhar le ATU CREW an tionscnamh cupáin dúshláin CreativeCreative chun tacú le frontair bheaga agus mheánmhéide cruthaitheacha sa réigiún. Tá an chéad imeacht beartaithe do 2024.

Fiontraíocht faoi stiúir ban - Grandis

I mí na Nollag 2023 bhí CFI mar chuid d'iarratas rathúil ar bhreis is €2 mhilliún de mhaoiniú AE chun tacaíochtaí a shainaithint chun gnólachtaí nuathionscanta faoi stiúir ban a mhéadú. Is í Gníomhaireacht Nuálaíochta Réigiúnach Trasdanubia Theas, an Ungáir an príomh-chomhpháirtí. Tionólfar cruinnithe tosaigh i R2 2024 chun réitigh agus gníomhartha a shainiú.

Green Hydrogen - GH2M

I R4 2023 ghlac CFI páirt go rathúil in aighneacht tionscadail chuig CFRE an AE chun dlús a chur le himlonnú soghluaisteachta hidrigin ghlais i réigiún an AE. Ag foghlaim ón gcleachtas is fearr i réigiún ar nós na Catalóine, táthar ag súil in 2024 le geallsealbhóirí réigiúnacha a fhostú chun réitigh a shainaithint.

Príomhpháirtí: An Ghníomhaireacht Forbartha Eacnamaíochta Réigiúnach Stara Zagora

Coinneáil scileanna an Mhoil - REWARD

Ag coinneáil agus ag mealladh oibrithe eolais agus scileanna le haghaidh forbairt réigiúnach, seolfar an tionscadal REWARD EU go luath in 2024 agus cuimseofar ann an gá atá ag Mol an réigiúin maidir le hoibrithe eolais a mhealladh agus a choinneáil.

Príomhpháirtí: Seirbhísí Forbartha Savonlinna, an Fhionlainn

EmbrAlsmé

I mí na Nollag 2023, bhain WREP agus CFI amach tionscadal de chuid an AE a bhfuil sé de chúram air Coinníollacha agus Beartais a Fheabhsú do FBManna chun glacadh le AI.

Príomhpháirtí: Austria Wirtschaftsservice, an Ostair.

Cur Chun Cinn Réigiúnach

Is é ár bhfócas sa ghearrthéarma ná próifíl an réigiúin a ardú agus a scéal a roinnt le lucht féachana níos leithne, go háirithe iad siúd ar spéis leo cónaí nó oibriú anseo. Is ceantar iontach álainn é réigiún an iarthair, suite ar chósta an Atlantaigh in Éirinn, is pointe iontrála nádúrtha ó Chríocha Mheiriceá. In 2023, reáchtálamar roinnt tionscadal agus seoltaí spreagúla a bhí tiomnaithe do chur chun cinn an réigiúin.

Westernjobs.ie

Tá an t-ardán ar líne [westernjobs.ie](https://www.westernjobs.ie) tiomanta do raon éagsúil deiseanna gairmeacha ar ardchaighdeán atá ar fáil i Réigiún an Iarthair a chur chun cinn. Is é an t-ardán seo an chéad cheann dá leithéid sa réimse agus cuireann sé raon leathan deiseanna fostaíochta ar fáil do chuardaitheoirí poist thar earnálacha éagsúla, lena n-áirítear ról lánaimseartha, páirtaimseartha, iargúlta agus hibrídeacha. Tá ár bhfoireann ag obair go dlúth le fostóirí sa réigiún chun ról mheánleibhéil sa ríomhthrachtáil, earnáil Theicneolaíocht an Leighis, TF, airgeadas, oideachas, innealtóireacht agus go leor eile a léiriú.

Táimid ábhar tarraingteach á chruthú againn go seasta ar bhonn seachtainiúil ar ár gcainéil meán sóisialta, lena n-áirítear físeáin agus fístéipeanna chun poist atá ar fáil agus fostóirí an réigiúin a chur chun cinn.



Moving West ar TG4

Craoladh Séasúr 2 de Moving West, an tsraith teilifíse inspreagtha agus spreagúil do TG4, ag tús na bliana 2023 agus an scannánaíocht don tríú sraith á cur i gcrích. Tá an tsraith á cur i láthair ag duine de na pearsana teilifíse is fearr in Éirinn, Mary Kennedy, agus á léiriú ag Dundara Television & Media i gcomhar le Coimisiún Forbartha an Iarthair.

Le háilleacht agus cultúr uathúil nádúrtha an Iarthair, cuireann an tsraith seo béim ar Dhún na nGall, Sligeach, Maigh Eo, Gaillimh, Ros Comáin agus Liatroim. Le linn na sraithe, leanamar saol na ndaoine aonair agus na dteaghlach a d'aistrigh nó atá i mbun bogadh go teach nua ar chósta an Atlantaigh. Craolfar Moving West, Séasúr a Trí i mí Aibreáin 2024. Tá sé mar aidhm againn cur leis an gcéad agus leis an dara séasúr ar a d'fhéach breis is 750,000 duine.

Cruthú Ábhar

Mar chuid dár bhfeachtas More to Life, chuireamar físeán nua ar siúl a léiríonn na deiseanna gairme domhanda agus an saol áitiúil i nDún na nGall. Beidh an físeán seo mar chuid d'fheachtas nua Local Living, Global Opportunities a seoladh go luath in 2023. Léiríonn an físeán scéal bean a d'fhás aníos i nDún na nGall agus a raibh fíorbhaint aici leis an tírdhreach, leis na daoine agus leis an áit. Thaistil sí ar chúiseanna oibre agus eachtraíochta, ar deireadh thiar d'aistrigh go dtí a teach i gContae Dhún na nGall chun leanaí a bheith aici agus a gairm bheatha a fhorbairt. Cuireann an físeán draíocht agus simplíocht an tsaoil áitiúil in iúl agus í fós ag baint leasa as deiseanna domhanda óna háit dúchais.

Comhpháirtíocht Rugbaí Chonnacht

Mar aon le cuid de na príomhthionscail, leagann an feachtas nua béim ar dheiseanna domhanda i gcomhlachtaí spóirt, in earnáil an oideachais agus sa phobal nuathionscanta. I gcomhpháirtíocht le Connacht Rugby, rinneamar roinnt físeáin ghearra a scannánú, scéal Andy Friend agus Paul Boyle san áireamh. Tugann na físeáin léargas ní hamháin ar a saol sa chlub, ach ar an difríocht a rinne pobal an lathair dóibh ar an mbealach.

Seoladh na físeáin le feachtas ar líne i mí na Samhna 2023. Agus é ón Astráil ó dhúchas, chaith Friend tréimhse ina Phríomhchóitseálaí agus Stiúrthóir Rugbaí i gCúige Chonnacht ó 2018 go 2023, agus tháinig Paul Boyle ó Loch Garman ó dhúchas, isteach in Acadamh Chonnacht as Cúige Laighean in 2017. Ghlac sé páirt in 85 cluiche d'fhoireann an lathair agus d'imir sé ar fhoireann idirnáisiúnta na hÉireann uair amháin sa tréimhse sin.

Tugann an bheirt ardmholadh ina gcuid teistiméireachtaí ar an eispéireas a bhí acu teacht go dtí an lathair mar dhaoine neamhdhúchasacha agus an tuiscint dhomhain atá acu anois ar a gceangal leis an gceantar.

Féach ar na físeáin [anseo](#).

Gradaim.IE na mBailte Digiteacha 2023

Rinne CFI urraíocht ar Ghradaim.IE na mBailte Digiteacha faoin gcatagóir “Gradam Digiteach Pobail” a thugann léargas ar thionscnaimh agus ar thionscadail a thacaíonn le feabhsúcháin i bpobail ar fud na tíre.

Bhí duaischiste iomlán €100,000 ag Gradaim.IE Baile Digiteach thar 14 chatagóir chun ómós a thabhairt do bhailte áitiúla agus do dhaoine a chuidigh, trí thionscadail dhigiteacha agus nuálaíocht, le feabhsuithe i réimsí mar ríomhsheirbhísí sláinte, turasóireacht dhigiteach, pobal, oideachas, agus gnó digiteach.

Imeacht 'Northwest in the City'

Dhírigh an tionscadal seo faoi stiúir Choimisiún Forbartha an Iarthair, Gníomhaireachta Forbartha Tionscail an Iarthuaiscirt agus Fiontraíocht Éireann (le comhoibriú ó pháirtithe leasmhara eile) ar chur chun cinn a dhéanamh ar na deiseanna gairme domhanda atá ar fáil san Iarthuaisceart.

Reáchtáladh an t-imeacht seo i mBaile Átha Cliath ar an 9 Feabhra agus d'fhreastail breis agus 150 duine ar spéis leo bogadh go dtí an Iarthuaisceart. Bhí an t-imeacht dírithe ar ghairmithe gairmdhírthe atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath ar spéis leo eolas a fháil faoin saol in Iarthuaisceart na hÉireann agus na deiseanna nua spreagúla atá ar fáil dóibh sa réigiún. Bhí sé dírithe go príomha ar chuideachtaí (Infheistíocht Dhíreach Choigríche (IDC) agus Infheistíocht Dhúchasach) ó raon earnálacha agus deiseanna gairme agus ar thallann a mhealladh chuig an Iarthuaisceart. Bhí taispeántais ag roinnt páirtithe leasmhara ag an imeacht, lena n-áirítear fostóirí, Údaráis Áitiúla agus páirtithe leasmhara eile.



Rialachas Corparáideach

Bunaithe tríd an Acht um Choimisiún Forbartha an Iarthair 1998, ní mór do Choimisiún Forbartha an Iarthair (CFI) cloí le héagsúlacht oibleagáidí reachtúla ag an leibhéal náisiúnta agus AE, chomh maith le ceanglais riaracháin. Go sonrach, tá nósanna imeachta bunaithe ag CFI chun comhlíonadh na gceanglas sainiúil seo a leanas a chinntiú:

An Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016

Ghlac an Bord leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016 agus chuir sé nósanna imeachta agus athbhreithnithe i bhfeidhm chun comhlíonadh an Chóid a chinntiú. Deimhníonn Cathaoirleach an Bhoird, i dtuarascáil ar leith a chuirtear faoi bhráid Aire na Roinne nó an Aire Forbartha Tuaithe agus Pobail ar bhonn bliantúil, go bhfuiltear ag cloí le ceanglais aonair an Chóid.

Bainistíocht Riosca

In 2023, chuir an Fhoireann Chorporáideach an Bord agus Athbhreithnithe Coistí ar an eolas faoi thionscnaimh chuimsitheacha bainistíochta riosca. Áiríodh leis sin athbhreithniú a dhéanamh ar an gcreat bainistíochta riosca, an beartas slándála faisnéise a athchóiriú, oiliúint cibearshlándála a chur chun feidhme, agus bearta a thabhairt isteach amhail bogearraí ceannaigh néalbhunaithe chun éifeachtúlacht mhéadaithe agus maolú riosca a fheabhsú. Ina theannta sin, bhunaigh an Bord fochoiste go neamhspleách chun fachtóirí a chuireann le míchothromaíochtaí réigiúnacha agus earnála a scrúdú. Tá sé mar aidhm ag an bhfochoiste moltaí a sholáthar chun leathadh réigiúnach agus earnála a fheabhsú, ag teacht le cuspóirí Phlean Straitéiseach CFI.

An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014

Síníodh an tAcht um Shaoráil Faisnéise (SF) ina dhlí in 2014. Fóráiltear san Acht seo ceart dlíthiúil do dhaoine aonair rochtain a fháil ar fhaisnéis atá i seilbh comhlachtaí poiblí, a mhéid is féidir, i gcomhréir le leas an phobail agus leis an gceart chun príobháideachta. Tá tuilleadh eolais ar chur i bhfeidhm SF ag CFI ar fáil ar ár suíomh gréasáin ag westerndevelopment.ie. Fuair CFI 3 iarraidh ar Shaoráil Faisnéise in 2023.

An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005

I gcomhréir leis an Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005, chuir CFI nósanna imeachta i bhfeidhm chun forálacha an Achta a chomhlíonadh agus d'ullmhaigh sé ráiteas sábháilteachta ina gcuimsítear gach gné a dhéanann difear do leas foirne agus cuairteoirí.

Íoc pras cuntas

Rialaíonn an tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997 arna leasú ag Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála), 2012 na sonraisc a íocann CFI. Fóráiltear sna rialacháin, a bhfuil an fheidhm chéanna acu san earnáil phoiblí agus phríobháideach, do theidlíocht uathoibríoch d'ús agus do chúiteamh má dhéantar íocaíocht le haghaidh idirbhearta tráchtála go déanach (i ndiaidh 30 lá ón dáta faighte). Is é beartas CFI a chinntiú go n-íoctar gach sonrasc go pras agus go ndéantar gach iarracht, ar aon dul le nósanna imeachta airgeadais cuí, a chinntiú go gcomhlíontar an cuspóir seo do sholáthraithe uile na heagraíochta. Tá rialuithe i bhfeidhm chun cinnteacht réasúnta, cé nach dearbhú iomlán é, a sholáthar i gcoinne neamhchomhlíonadh an Achta agus na rialachán.

Íocaíocht phras le soláthraithe

Tá CFI tiomanta dá chuid oibleagáidí a chomhlíonadh faoin Rial Íoc Pras 15 lá, a tháinig i bhfeidhm an 1 Iúil 2011. Cinntíonn an fhoráil seo go ndéanfar íocaíochtaí le soláthraithe, i gcás gach sonrasc bailí a fhaightear, laistigh de 15 lá féilire. Tuairiscíonn CFI go ráithiúil ar chur chun feidhme na Rialach Íoc Pras 15 lá.

Soláthar

Tá Beartais Soláthair, Nósanna Imeachta agus Plean Soláthair forbartha agus curtha i bhfeidhm ag an CFI a shainordaíonn comhlíonadh chun ceanglais faoin gCreat Beartais Soláthair Phoiblí Náisiúnta a chomhlíonadh. Déanann CFI a dhícheall a chinntiú go gcloítear go hiomlán leis na nósanna imeachta soláthair lena n-áirítear bunachar sonraí conartha agus córas monatóireachta i bhfeidhm chun soláthar neamhchomhlíonta a thuairisciú.

Tá athbhreithniú seachtrach á lorg ag an CFI ar an bpróiseas soláthair agus patrúin chaiteachais chun an próiseas a ailíniú le treoirlínte náisiúnta um sholáthar poiblí agus chun an ghníomhaíocht ceannaigh a chuíchóiriú trí chreataí soláthair a bhunú. Ina theannta sin, cuirtear oiliúint bhreise ar fáil don fhoireann.

Na hAchtanna um Eitic in Oifig Poiblí, 1995 agus 2001

Tá Coimisiún Forbartha an Iarthair (CFI) clúdaithe ag treoirlínte an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí, Stiúrtóireachtaí Ainmnithe agus Poist Ainmnithe laistigh de Chomhlachtaí Poiblí. De réir na dtreoirlínte, ceanglaítear ar chomhaltaí Boird a ráitis leasa a chur faoi bhráid an Rúnaí go bliantúil, agus cuirtear cóipeanna ar fáil freisin do Rúnaí an Choimisiúin ag an gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí. Ina theannta sin, déanann baill foirne CFI i bpoist ainmnithe na rialacháin go léir a chomhlíonadh.

An tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014

Ní dhearnadh aon nochtadh cosanta do CFI in 2023.

Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 agus 2004

Tá CFI tiomanta do bheartas comhdheiseanna agus glacann sé cur chuige réamhghníomhach i leith an chomhionannais san eagraíocht. Tá roinnt scéimeanna á n-oibriú ag CFI a thugann roghanna don fhoireann maidir le freastal ar a riachtanais ghairme agus phearsanta, ar nós rochtain ar oiliúint, saoire staidéir, uaireanta oibre laghdaithe agus sosanna gairme. Tá beartas um Chearta an Duine, Comhionannas agus Dínit ag an Obair i bhfeidhm agus tá sé curtha in iúl don fhoireann ar fad.

Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 agus Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021

Tagann CFI faoi shainchúram Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003, a síníodh sa dlí an 14 Iúil 2003, chun creat reachtúil do sheirbhísí a sholáthar trí Ghaeilge. I gcomhréir le hAlt 10 den Acht, foilsítear an Tuarascáil Bhliantúil seo i nGaeilge agus i mBéarla.

Cairt na gCliaint

Leagtar amach i gCairt Cliaint CFI ár dtiomantas seirbhís ardchaighdeáin a sholáthar dár gcustaiméirí agus tá sí ar fáil [anseo](#).

Éifeachtúlacht agus caomhnú fuinnimh

Tá CFI tiomanta do chabhrú chun sprioc an Rialtais maidir le laghdú 51% ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaint amach faoi 2030 i gcomparáid le leibhéil bhonnlíne 2016-2018, agus chun éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú 50% faoi 2030. I mbliana, chríochnaigh CFI a chéad Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide chun iarrachtaí a threorú maidir leis na spriocanna atá leagtha amach i Sainordú Gníomhaíochta Aeráide na hEarnála Poiblí a bhaint amach.

Iniúchadh agus rialachas

Chomhlíon CFI a chuid oibleagáidí airgeadais agus cánachais le linn 2023, agus lean Bord CFI ag maoirsiú éifeachtacht an Chórais Rialaithe Inmheánaigh ar fud na heagraíochta. Foilsítear an Ráiteas ar Rialú Inmheánach sna Ráitis Airgeadais Bhliantúla a ghabhann leis an tuarascáil seo. Tháinig Coiste Iniúcháireachta agus Riosca CFI le chéile 4 huairé in 2023 agus lean siad le maoirsiú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Phlean Iniúcháireachta Inmheánaí i rith 2023, ag díriú ar chur i bhfeidhm mholtaí oidhreachtá Iniúcháireachta Inmheánaí a bhrú chun cinn, agus chuir gach ceann díobh go dearfach leis na socruithe dearbhaithe ar fud na heagraíochta.

An Bord

Bunaíonn an Bord treo straitéiseach an Choimisiúin, laistigh den chreat atá leagtha síos ag Acht CFI 1998, ag cinntiú an úsáid is fearr is féidir a bhaint as acmhainní chun a chuspóirí a bhaint amach. Trí fhorghníomhú straitéisí a tharmligean chuig an mbainistíocht agus chuig na fochoistí, coinníonn an Bord maoirseacht ar ghníomhaíochtaí na heagraíochta.


Ag cloí leis an Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995, agus leis an gCód Cleachtais um Chomhlachtaí Stáit a Rialú, 2016, caithfidh comhaltaí Ráiteas Leasa a chur faoi bhráid an Choimisiúin um Chaighdeán in Oifigí Poiblí agus an Rúnaí. Cloíonn CFI le beartais an rialtais ar phá feidhmeannaigh agus fostaithe, mar aon le treoirlínte maidir le táillí chomhaltaí an Bhoird.

Is é an tAire Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Fostaíochta a cheapann comhaltaí an Bhoird, le ceadú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Amhail an 31 Nollaig 2023, ní raibh ach comhalta Boird ceaptha amháin fágtha ar Bhord CFI toisc gur tháinig deireadh le téarmaí an 11 chomhalta eile ar an 11 Samhain 2023. I rith na bliana, bhí an Bord comhdhéanta de dháileadh comhionann de 6 (50%) comhaltaí baineanna agus 6 (50%) comhaltaí fireanna. Mar thoradh air sin, comhlíonann an Bord sprioc an Rialtais maidir le hionadaíocht íosta de 40% a bhaint amach de gach inscne i gcomhaltaí Boird Stáit.

Ar an 9 Eanáir, 2024, cheap Aire na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail 11 chomhalta ar an mBord, ar a raibh 6 ban agus 5 fear.

Príomhchumasóirí chun Ár Straitéis a Sholáthar: Seirbhísí Corparáideacha

Struchtúr na hEagraíochta



Ráitis Airgeadais Iniúchta Don Bhliain daar Chríoch an 31 Nollaig 2023

Coimisiún Forbartha an Iarthair Eolas

Comhaltaí nuacheaptha an Choimisiúin in Eanáir 2024 agus ceaptha i Lúnasa 2021

Cathaoirleach:
An tUasal Eugene Cummins

Members:
An tUasal Edmund Jennings
An tUasal Niall O'Donnellan
Iníon Breda Fox
An tUasal Eoin Motherway
An tUasal Micheál Heaney
An tUasal Patrick Duffy
Iníon Sandra Divilly Nolan
Iníon Mary McKenna
Iníon Audrey Crummy
Iníon Aisling Meehan
Iníon Mary Coyne

Baincéirí:
Banc na hÉireann
Bealach an Doirín
Contae Ros Comáin
F45 EA34

Permanent TSB Plc.
56-59 Faiche Stiabhna
Baile Átha Cliath 2
D02 H489

Bainc-Aontas Éireann
Bóthar Thuama
Gaillimh
H91 PR83

Iniúcháirí:
Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste
3A Sráid an Mhéara Uachtarach
An Port Thuaidh
Baile Átha Cliath 1
D01 PF72

Téarma chomhaltaí an Choimisiúin a d'éag i Samhain 2023

Cathaoirleach:
An tUasal Gerry Finn

Members:
An tUasal John Kelleher
Iníon Mary Coyne
An tUasal Christy Loftus
Iníon Audrey Crummy
An tOllamh Mary Corcoran
Iníon Sandra Divilly Nolan
Iníon Aisling Meehan
An tUasal Peter Hynes
An tUasal Henry McGarvey
An tUasal Edmund Jennings
Iníon Mary McKenna

Aturnaetha:
Aturnaetha Byrne Wallace
88 Sráid Fhearchair
Baile Átha Cliath 2
D02 DK18

Aturnaetha LK Shields
Geata an Duga
Bóthar an Duga
Gaillimh
H91 DFP3

An Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Choimisiúin 2023

Rialachas

Bunaíodh Bord (dá dtagraítear anseo comhaltaí an Choimisiúin) Choimisiún Forbartha an Iarthair (CFI) faoin Acht um Choimisiún Forbartha an Iarthair, 1998 mar atá leagtha amach in Alt 9 den Acht seo. Leagtar amach feidhmeanna an Choimisiúin in Alt 8 den Acht. Tá comhaltaí an Choimisiúin cuntasach leis an Aire Forbartha Tuaithe agus Pobail agus tá siad freagrach as dea-rialachas a chinntiú agus tugann sé faoin tasc seo trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan amach agus cinntí straitéiseacha a dhéanamh faoi na príomh-shaincheistanna gnó go léir. Tá an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (an POF) agus an fhoireann bainistíochta sinsearaí freagrach as bainistíocht, rialú agus treorú rialta laethúil CFI. Caithfidh an POF agus an fhoireann bhainistíochta sinsearaí an treorú straitéiseach foireann a thugann comhaltaí an Choimisiúin a leanúint, agus caithfidh siad a chinntiú go mbíonn tuiscint shoiléir ag comhaltaí an Choimisiúin go léir ar na príomhghníomhaíochtaí agus na príomhchinntí a bhaineann leis an ngníomhaireacht, agus le haon rioscaí suntasacha is dóchúil a thiocfaidh aníos. Gníomhaíonn an POF mar idirchaidreamh díreach idir an Choimisiún agus bainistíocht CFI.

Freagrachtaí Chomhaltaí an Choimisiúin

Tá comhaltaí an Choimisiúin, i dteannta a chéile, freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar Choimisiún Forbartha an Iarthair agus inbhuanaitheacht an Choimisiúin a chinntiú. Déantar cinntí i ndiaidh eolas cuí a bheith curtha ar fáil do chomhaltaí an Choimisiúin agus aird chuí a thabhairt ar na rioscaí aitheanta tríd an bpróiseas bainistíochta riosca.

Tá sceideal forchoimeádta nithe nach mór a bhreithniú, lena n-áirítear:

- dearbhú leasanna
- tuarascáil an POF
- tuarascálacha ó choistí
- tuarascálacha airgeadais/tuarascálacha bainistíochta
- ceisteanna rialachais
- tuarascálacha feidhmíochta, agus
- ceisteanna forchoimeádta

Ceanglaítear in Alt 22(1) d'Acht Choimisiún Forbartha an Iarthair, 1998 ar chomhaltaí an Choimisiúin gach cuntas cuí agus rialta a choimeád ar airgead a fuair sé nó a chaith sé i cibé foirm agus maidir leis na tréimhsí cuntasáíochta sin a fhaomhfaidh an tAire, le toiliú an Aire Airgeadais.

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, ceanglaítear ar chomhaltaí an Choimisiúin an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach
- A chinntiú go mbíonn aon bhreithiúnais agus meastacháin a dhéantar réasúnta agus stuama
- A lua cibé acu ar cloíodh nó nár cloíodh le caighdeáin infheidhme chuntasaíochta, faoi réir aon imeachtaí ábhartha a nochtar agus a mhínítear sna ráitis airgeadais
- A chinntiú go dtugtar sna ráitis airgeadais léiriú fíor agus cóir ar fheidhmíocht airgeadais agus staid airgeadais CFI ag deireadh na bliana
- Na ráitis airgeadais a réiteach ar bhonn gnóthas leantach, mura cuí a mheas go leanfaidh an Coimisiún de bheith ag oibriú

Tá comhaltaí an Choimisiúin freagrach as leabhair chuntais leordhóthanacha a choimeád ina nochtar, le cruinneas réasúnta ag tráth ar bith, a sheasamh airgeadais agus a chuireann ar a chumas cinnte a dhéanamh de go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 22(1) d'Acht Choimisiún Forbartha an Iarthair, 1998. Tá comhaltaí an Choimisiúin freagrach as coimeád agus iomláine an eolais chorparáidigh agus airgeadais ar láithreán gréasáin CFI.

Tá comhaltaí an Choimisiúin freagrach as an tuarascáil bhliantúil agus an buiséad a fhaomhadh. Tugtar faoi mheastóireacht ar fheidhmíocht CFI trí thagairt a dhéanamh don tuarascáil bhliantúil agus an buiséad ar bhonn míosúil agus ráithiúil ag cruinnithe an Choimisiúin.

Tá comhaltaí an Choimisiúin freagrach, chomh maith, as a shócmhainní a chosaint agus, dá bhrí sin, as dul i mbun bearta réasúnta chun cosc a chur ar chalaíocht agus ar neamhrialtachtaí eile nó iad a bhrath.

Measann comhaltaí an Choimisiúin go dtugtar i ráitis airgeadais CFI léiriú fíor agus cóir ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais CFI an 31 Nollaig 2023.

Struchtúr an Choimisiúin

Tá sa Choimisiún Cathaoirleach agus an líon sin gnáthchomhaltaí nach mó ná 11 chomhalta, faoi mar a chinnfidh an tAire. Ceapann an tAire an Cathaoirleach agus gnáthchomhaltaí an Choimisiúin le toiliú an Aire Airgeadais agus sealbhaíonn siad oifig ar feadh tréimhse 3 bliana ón dáta ceaptha.

Tá comhaltaí an Choimisiúin sásta go bhfuil a comhaltaí saor ó aon ghnó nó caidreamh eile a d'fhéadfadh tionchar ábhartha a imirt ar, nó a bhféadfadh gur dhóchúil go n-imreoidís tionchar ábhartha ar, fheidhmiú a mbreithiúnais neamhspleách.

Déanann gach comhalta den Choimisiún aon leas a nochtadh agus ní bhíonn siad i láthair nuair a bhíonn plé agus cinntí á ndéanamh ag an gCoimisiún nuair nach mbíonn siad ar aon intinn faoi rud éigin nó nuair a bhíonn leas díreach nó indíreach acu, faoi mar a cheanglaítear sa Chód Cleachtais.

Tionóladh 8 gcruinniú an Choimisiúin in 2023.

Ní raibh ach comhalta ceaptha amháin den Choimisiún, an tUasal Edmund Jennings, ag CFI amhail an 31 Nollaig 2023 mar gheall gur tháinig deireadh le téarmaí 11 chomhalta eile an 11 Samhain 2023. Cheap Aire na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail Cathaoirleach agus 10 gcomhalta leis an gCoimisiún an 9 Eanáir 2024.

Mionsonraítear sa tábla thíos tréimhse cheapacháin na gcomhaltaí a thug seirbhís i gcaitheamh 2023:

Tagair	Board Member	Role	Date of Appointment	Current terms end
1	Gerry Finn	Cathaoirleach	Lúnasa 2017	Samhain 2023
2	Sandra Divilly Nolan	Gnáthchomhalta	Samhain 2020	Samhain 2023**
3	Mary McKenna	Gnáthbhall	Samhain 2020	Samhain 2023**
4	Peter Hynes	Gnáthchomhalta	Samhain 2020	Samhain 2023
5	Audrey Crummy	Gnáthchomhalta	Samhain 2020	Samhain 2023**
6	Aisling Meehan	Gnáthchomhalta	Samhain 2020	Samhain 2023**
7	Mary Coyne	Gnáthchomhalta	Samhain 2020	Samhain 2023**
8	Professor Mary Corcoran	Gnáthchomhalta	Lúnasa 2017	Samhain 2023
9	Christy Loftus	Gnáthchomhalta	Lúnasa 2017	Samhain 2023
10	John Kelleher	Gnáthchomhalta	Lúnasa 2017	Samhain 2023
11	Henry McGarvey	Gnáthchomhalta	Lúnasa 2017	Samhain 2023
12	Edmund Jennings	Gnáthchomhalta	Lúnasa 2018*	Lúnasa 2024

* athcheaptha mar Chomhalta an Choimisiúin i Lúnasa 2021

** athcheaptha mar Chomhalta an Choimisiúin in Eanáir 2024

Athbhreithniú ar Éifeachtacht

I gcomhréir leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) ba ghá do gach comhalta den Choimisiún Ceistneoir Féinmheasúnaithe a fhreagairt i nDeireadh Fómhair 2023 don bhliain go dtí deireadh théarma an Chomhalta den Choimisiún. Cuireadh na torthaí i láthair Chomhaltaí an Choimisiúin ag a chruinniú an 24 Deireadh Fómhair 2023.

Críochnaíodh measúnú seachtrach an Bhoird i Márta 2022 agus cuireadh tuarascáil faoi bhráid Chathaoirleach an Choimisiúin. Cuireadh plean gníomhaíochta le chéile in 2022 le dul i ngleic le roinnt de na moltaí sa tuarascáil agus leanadh ag dul i ngleic leis na gníomhartha in 2023. Cuireadh nuashonrú ar dhul chun cinn faoi bhráid an Bhoird an 18 Meitheamh 2024.

Bhunaigh comhaltaí an Choimisiúin dhá choiste, na coistí seo a leanas ina measc:

1. An Coiste Iniúcháireachta agus Riosca (an CIR)

Tá ar a laghad 3 chomhalta, ar 2 chomhalta den Choimisiún agus comhalta(i) seachtrach(a) ar a laghad díobh, an Cathaoirleach ina measc, sa Choiste Iniúcháireachta agus Riosca (an CIR). Is é ról an CIR tacú le comhaltaí an Choimisiúin maidir lena bhfreagrachtaí as saincheisteanna riosca, rialaithe agus rialachais agus dearbhaithe ghaolmhair. Tá an CIR neamhspleách ón mbainistíocht airgeadais a dhéantar ar CFI. Cinntíonn an CIR, ach go háirithe, go ndéantar monatóireacht ghníomhach agus neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánaigh, gníomhaíochtaí iniúcháireachta ina measc. Tuairiscíonn an CIR le comhaltaí an Choimisiúin i ndiaidh gach cruinnithe agus cuireann sé tuarascáil ar fáil freisin go bliantúil do chomhaltaí an Choimisiúin ina dtugtar achoimre ar na conclúidí ón obair a rinneadh i rith na bliana.

Thionóil an CIR 4 chruinniú in 2023. Ba iad comhaltaí an CIR i rith 2023:

- Kevin Moore (Cathaoirleach agus Comhalta Seachtrach) – téarma dar chríoch Samhain 2023
- Paul McGonigle (Comhalta Seachtrach) – ceaptha in Iúil 2015 (athcheaptha in Iúil 2024)
- Charlotte Craigie (Comhalta Seachtrach) – ceaptha i bhFeabhra 2023
- An tOllamh Mary Corcoran (Comhalta den Choimisiún) – téarma dar chríoch Samhain 2023
- Audrey Crummy (Comhalta den Choimisiún) – téarma dar chríoch Samhain 2023
- Mary Coyne (Comhalta den Choimisiún) – téarma dar chríoch Samhain 2023

Ba iad comhaltaí an CIR i rith 2024:

- Paul McGonigle – (Cathaoirleach agus Comhalta Seachtrach) – athcheaptha in Iúil 2024
- Charlotte Craigie (Comhalta Seachtrach) – ceaptha i bhFeabhra 2023
- Audrey Crummy (Comhalta den Choimisiún) – athcheaptha an 13 Feabhra 2024
- Niall O'Donnellan (Comhalta den Choimisiún) – ceaptha i bhFeabhra 2024
- Sandra Divilly Nolan (Comhalta an Choimisiúin) – ceaptha i mBealtaine 2024

2. An Painéal Comhairleach Cistí (an PCC)

Tá 7 gcomhalta, 3 chomhalta den Choimisiún (Cathaoirleach an Choimisiúin san áireamh) agus 4 shaineolaí sheachtracha sa Phainéal Comhairleach Cistí (an PCC).

Is é ról an PCC meastóireacht a dhéanamh ar iarratais a dhéantar le Ciste Infheistíochta an Iarthair (CII) agus cinntí a mholadh faoi infheistíocht tráchtála atá dírithe ar bhrabús a dhéanamh do chomhaltaí an Choimisiúin. Cabhraíonn an PCC le CII a chur chun cinn trí chabhrú le sreabhadh margaí ar ardchaighdeán a ghiniúint agus tacaíonn sé freisin le hoibriú éifeachtach CII.

Thionóil an PCC 5 gcruinniú in 2023. Ba iad comhaltaí an PCC i rith 2023:

- Gerry Finn (Cathaoirleach agus Comhalta den Choimisiún) – téarma dar chríoch Samhain 2023
- John Allen (Comhalta Seachtrach) – téarma dar chríoch Samhain 2023
- Joann Hosey (Comhalta Seachtrach) – Éirithe as i Márta 2023
- Mary McKenna (Comhalta den Choimisiún) – téarma dar chríoch Samhain 2023
- Edmund Jennings (Comhalta den Choimisiún) – téarma dar chríoch Samhain 2023
- Felim McNeela (Comhalta den Choimisiún) – téarma dar chríoch Márta 2024
- Mary Carty (Comhalta Seachtrach) – ceaptha in Aibreán 2021
- Gail Molloy (Comhalta Seachtrach) – ceaptha i nDeireadh Fómhair 2023

Ba iad comhaltaí an PCC i rith 2024:

- Eoin Motherway (Cathaoirleach agus Comhalta den Choimisiún) – ceaptha i mBealtaine 2024
- Mary McKenna (Comhalta den Choimisiún) – athcheaptha i bhFeabhra 2024
- Breda Fox (Comhalta den Choimisiún) – athcheaptha i bhFeabhra 2024
- Mary Rogers (Comhalta den Choimisiún) – ceaptha in Eanáir 2024
- Brian Reynolds (Comhalta Seachtrach) – ceaptha in Aibreán 2024
- Mary Carty (Comhalta Seachtrach) – athcheaptha i Márta 2024
- Gail Molloy (Comhalta Seachtrach) – ceaptha i nDeireadh Fómhair 2023
- Felim McNeela (Comhalta den Choimisiún) – téarma dar chríoch Márta 2024

Fochoiste Straitéise agus Riosca

Bunaíodh Fochoiste Straitéise agus Riosca in 2023 leis na tosca a scrúdú a bhuntacaíonn leis an neamhchothroime reatha réigiúnach agus earnála i dtaobh dháileadh Chiste Infheistíochta an Iarthair agus leis an dáileadh réigiúnach agus earnála a mhéadú ar aon dul le cuspóirí Phlean Straitéiseach CFI.

Chuir an fochoiste sé chruinniú ar bun le tacaíocht ón bhfeidhmeannacht, agus ba iad a chomhaltaí:

- Gerry Finn (Cathaoirleach)
- Sandra Divilly Nolan (Comhalta an Choimisiúin)
- Peter Hynes (Comhalta an Choimisiúin)
- Kevin Moore (Cathaoirleach an CIR)

Sceideal Freastail, Táillí agus Costais

Leagtar amach thíos sceideal freastail ar Chruinnithe an Choimisiúin agus an Choiste don bhliain 2023, na táillí agus na costais a fuair gach comhalta ina measc.

Comhaltaí an Choimisiúin	Cruinniú Boird 8	An CIR 4	An PCC 5	Táillí 2023	Caiteachais 2023
Bord					
Gerry Finn (Cathaoirleach)	8 de 8	-	4 de 5	€7,752	€4,575
Henry McGarvey	6 de 8	-	-		€1,683
An tOllamh Mary Corcoran	4 de 8	4 de 4	-		€1,049
John Kelleher	4 de 8	-	-		€524
Christy Loftus	8 de 8	-	-	€5,169	€623
Edmund Jennings	7 de 8	-	5 de 5	€5,985	
Mary McKenna	7 de 8	-	5 de 5	€5,169	
Sandra Divilly Nolan	7 de 8	-	-	€5,169	€418
Mary Coyne	8 de 8	4 de 4	-	€5,169	€1,192
Audrey Crummy	4 de 8	1 de 4	-	€5,169	
Aisling Meehan	6 de 8	-	-	€5,169	€10
Peter Hynes	8 de 8	-	-	€5,169	€529
Comhalta Seachtrach					
Kevin Moore	-	4 de 4	-	€1,400	€1,168
Paul McGonigle	-	2 de 4	-	€500	-
Charlotte Craigie	-	4 de 4	-	€1,000	-
John Allen	-	-	4 de 5	€1,000	-
Joann Hosey	-	-	1 de 1	-	-
Felim McNeela	-	-	4 de 5	-	-
Mary Carty	-	-	3 de 5	€750	-
Gail Molloy	-	-	0 de 0	-	-
				€54,570	€11,771

Athruithe ar an bPríomhphearsanra

Ceapadh an tUasal Allan Mulrooney mar POF an 1 Meán Fómhair 2023, tar éis go raibh sé ina POF gníomhach ón 6 Nollaig 2022.

Nochtadh a cheanglaítear sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Tá comhaltaí an Choimisiúin freagrach as a chinntiú gur chomhlíon CFI riachtanais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ("an Cód"), amhail a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i Lúnasa 2016. Ceanglaítear sa Chód an nochtadh seo a leanas a dhéanamh:

Miondealú ar Shochair Ghearrthéarmacha Fostaí

Déantar sochair ghearrthéarmacha fostaithe a sháraíonn €60,000 a chatagóiriú sna bandaí seo a leanas:

Banda Tuarastail (€) 2023	Líon Foirne	Banda Tuarastail (€) 2022	Líon Foirne
60,000 – 69,999	4	60,000 – 69,999	6
70,000 – 79,999	6	70,000 – 79,999	3
80,000 – 89,999	1	80,000 – 89,999	1
90,000 – 99,999	0	90,000 – 99,999	2
100,000 – 109,999	3	100,000 – 109,999	0

Nóta: Ar mhaithe leis an nochtadh seo, áirítear le sochair ghearrthéarmacha fostaithe maidir le seirbhísí a cuireadh ar fáil i rith na tréimhse tuairiscithe, tuarastal, liúntais ragoibre agus iocaíochtaí eile a rinneadh thar ceann an fhostaí, ach ní áirítear ÁSPC fostóra leo.

Costais Sainchomhairleoireachta

Áirítear ar chostais sainchomhairleoireachta costas na comhairle seachtraí don bhainistíocht agus eisítear feidhmeanna seachfhoinsithe 'gnó mar is gnách'.

	2023 €	2022 €
Comhairle Dlí	2,257	23,403
Comhairle Airgeadais/Achtúireach	4,920	4,059
Caidreamh Poiblí/Margaíocht	112,537	59,511
Acmhainní Daonna	-	1,999
Costais Sainchomhairleoireachta	119,714	88,972

Costais agus Socraíochtaí Dlí

De réir an tábla thíos, ní raibh aon chostais dlí sa tréimhse thuairiscithe maidir le costais dlí, socraíochtaí agus idir-réiteach agus imeachtaí eadrána a bhaineann le conarthaí le tríú páirtithe. Ní áirítear leis seo caiteachas a tabhaíodh maidir le comhairle dlí a fuair CFI, a nochtar in Costais Sainchomhairleoireachta thuas.

	2023	2022
Táillí Dlí – Imeachtaí Dlíthiúla	-	-
Íocaíochtaí Idir-Réitigh agus Eadrána	-	-
Socraíochtaí	-	-
Costais agus Socraíochtaí Dlí Iomlána	-	-

Caiteachas Taistil agus Cothaithe

Déantar an catagóirí seo a leanas ar chaiteachas Taistil agus Cothaithe:

	2023 €	2022 €
Intíre:		
• Comhaltaí an Choimisiúin	11,771	9,364
• Fostaithe	97,901	78,862
Idirnáisiúnta:		
• Comhaltaí an Choimisiúin	-	-
• Fostaithe	39,881	19,450
Caiteachas Iomlán Taistil agus Cothaithe	149,553	107,676

Costais Fáilteachais

Áirítear leis an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coimeádta an caiteachas seo a leanas ar fháilteachas:

	2023 €	2022 €
Fáilteachas Foirne	1,748	870
Fáilteachas Cliant	1,699	1,959
Caiteachas Iomlán ar Fháilteachas	3,447	2,829

Ceanglais Riaracháin agus Dlí:

Mar chuid den mhaoirseacht leanúnach a dhéanann comhaltaí an Choimisiúin ar an timpeallacht rialaithe in CFI, tugann an Fhoireann Bainistíochta Sinsearaí dearbhuithe dóibh maidir leis an timpeallacht dhlíthiúil agus rialála faoi mar a bhaineann sé le comhlachtaí poiblí, an méid seo a leanas ina measc:

Na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 2014

Foráiltear san Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014 (SF) go bhfuil an ceart ag gach duine, faoi réir díolúintí áirithe a shonraítear san Acht, i leith an mhéid seo a leanas:

- Teachtaireacht ar thaifid oifigiúla atá á gcoimeád ag Ranna Rialtais agus gach comhlacht poiblí a chomhlíonann forálacha Alt 6 den Acht.
- Go gceartófar eolas pearsanta atá á coimeád fúthu nó go nuashonraítear é, sa chás go bhfuil an t-eolas sin neamhiomlán, mícheart nó míthreorach.
- Cúiseanna a fháil a bhí le cinntí a rinne comhlachtaí poiblí a imríonn tionchar orthu.

Comhlíonann CFI an tAcht seo. Fuarthas cúig iarraidh SF in 2023 agus déileáladh le gach iarraidh laistigh den amfhráma reachtúil.

Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998-2015

Tá CFI tiomanta do bheartas comhdheiseanna agus glacann sé cur chuige dearfach i leith an chomhionannais agus na héagsúlachta san eagraíocht. Tá CFI tiomanta do chinntiú nach gcaitear le haol bhall foirne nó iarratasóir ar fhostaíocht le CFI, ar bhealach nach bhfuil chomh fabhrach céanna leis an mbealach a chaitear le haon duine eile ar fhorais inscne, stádas pósta, stádas teaghlaigh, gnéaschlaonta, creidimh, aoise, míchumais, cineáil, bhallraíocht phobal an lucht siúil nó ar aon fhorais eile nach mbaineann le dea-chleachtas fostaíochta. Baineann seo le hearcaíocht, dálaí oibre agus deiseanna forbartha gairm bheatha.

An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005

Leanann CFI de bhearta cuí a ghlacadh chun cosaint a thabhairt do shábháilteacht, sláinte agus leas gach fostaí agus cuairteora laistigh dá oifigí chun forálacha an Achta seo a chomhlíonadh.

Níor tháinig aon timpistí intuairiscithe aníos in 2023.

An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus an tAcht um Chaighdeán in Oifigí Poiblí, 2001

De réir na nAchtanna thuas, thug Comhaltaí CFI Ráitis Leasanna i gcomhlíonadh fhorálacha na nAchtanna.

Na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2018 agus an Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí (an GDPR), 2018

Tá CFI tiomanta do shlándáil, rúndacht agus do chosaint na faisnéise pearsanta a phróiseálann sé, agus do chur chuige comhlíontach agus comhsheasmhach maidir le cosaint sonraí a sholáthar.

Ní dhearnadh aon iarrataí ar eolas faoi na hAchtanna agus na Rialacháin um Chosaint Sonraí in 2023.

An tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014 agus an tAcht um Nochtadh Cosanta (Leasú) 2022

Tá Beartas um Nochtadh Cosanta i bhfeidhm ag CFI ina dtugtar cuntas soiléir ar na nósanna imeachta atá i bhfeidhm chun nochtadh cosanta a dhéanamh i gcomhréir leis an Acht um Nochtadh Cosanta, 2014. Tháinig an tAcht um Nochtadh Cosanta (Leasú), 2022 i bhfeidhm an 1 Eanáir 2023 agus tá CFI tiomanta do chinntiú go gcomhlíonann sé na ceanglais nuashonraithe.

Ní dhearnadh aon nochtadh cosanta le CFI in 2023.

Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 agus Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021

Tagann CFI faoi shainchúram Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003, a síníodh sa dlí an 14 Iúil 2003, chun creat reachtúil do sheirbhísí a sholáthar trí Ghaeilge.

I gcomhréir le hAlt 10 den Acht, foilsítear an Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais i nGaeilge agus i mBéarla. Tá CFI tiomanta d'oibriú i dtreo na forálacha nua a tugadh isteach i Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021 a chur i bhfeidhm.

Íoc Pras Cuntas

Rialaíonn an tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997 arna leasú ag Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála), 2012 na sonraisc a íocann CFI. Foráiltear sna rialacháin, a bhfuil an fheidhm chéanna acu san earnáil phoiblí agus phríobháideach, do theidlíocht uathoibríoch d'ús agus do chúiteamh má dhéantar íocaíocht le haghaidh idirbhearta tráchtála go déanach (i ndiaidh 30 lá ón dáta faighte). Is é beartas CFI a chinntiú go n-íoctar gach sonrasc go pras agus go bhfuil gach iarracht á déanamh, ar aon dul le nósanna imeachta airgeadais cuí, lena chinntiú go n-íoctar gach soláthraí laistigh den amfhráma seo.

Íoc Pras le Soláthraithe

Tá CFI tiomanta dá chuid oibleagáidí a chomhlíonadh faoin Rial Íoc Pras laistigh de 15 lá, a tháinig i bhfeidhm an 1 Iúil 2011. Cinntíonn an fhoráil seo go ndéanfar íocaíochtaí le soláthraithe, i gcás gach sonrasc bailí a fhaightear, laistigh de 15 lá féilire. Tuairiscíonn CFI go ráithiúil ar chur chun feidhme na Rialach Íoc Pras 15 lá.

Is féidir breathnú ar thorthaí Íoc Pras le haghaidh 2023 ag an nasc seo a leanas:

<https://westerndevelopment.ie/about/prompt-payments/>

Taisteal agus Cothú

Rinneadh gach íocaíocht as taisteal agus cothú a rinneadh le comhaltaí Coimisiúin, comhaltaí choiste, POF agus foireann CFI ar aon dul le ciorcláin na Roinne Airgeadais a rialaíonn taisteal agus cothú.

Tá Beartas agus Nósanna Imeachta CFI maidir le Taisteal agus Cothú cothrom le dáta agus léirítear iontu na rátaí reatha agus tá an fhoireann go léir ar an eolas ar a bhfreagrachtaí faoin mbeartas. Tá CFI airdeallach ar an ngá atá le barainneacht agus éifeachtúlacht a bhaint amach i ndáil le caiteachas ar thaisteal agus tá na riachtanais bheartais á gcomhlíonadh.

Treoirínte Pá an Rialtais

- Cloíonn CFI le Treoirínte Pá an Rialtais agus le socruithe na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail maidir le luach saothair an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin agus na bhfostaithe.
- Cloítear le híocaíocht tháillí agus chostais chomhaltaí agus Chathaoirleach an Choimisiúin i ndáil leis na socruithe atá leagtha amach i dtreoirínte an Rialtais agus inár máthair-roinn.
- Tá sonraí maidir leis an luach saothair agus táillí/costais thuas le fáil sa Tuarascáil Bhliantúil agus sna Ráitis Airgeadais.
- Lean CFI lena thiomantas don Chomhaontú Seirbhíse Poiblí 'Ag Dul ó Neart' ('Building Momentum') 2021-2023.

An Cód Caiteachais Phoiblí

Tá cur chuige comhsheasmhach ag CFI maidir le ceanglais an Chóid Caiteachais Phoiblí. Sonraítear na príomhghnéithe um chur chun cinn a bhuntacaíonn leis an gcur chuige sa Phlean Soláthair:

- Cur le coigilteas éifeachtúlachta pleanáilte a dhírítear a bhaint amach sna Blianta Airgeadais amach romhainn.
- Tacú le tionscnaimh an Aonaid Náisiúnta Bheartais Soláthair.
- A chinntiú go bhfuil luach ar airgead á bhaint amach.
- Cabhrú le cuspóirí straitéiseacha CFI a chomhlíonadh.
- Rialú agus maoirseacht a léiriú i ndáil le húsáid cistí poiblí.

Cód Iompair

Tá an Cód Iompair á chomhlíonadh agus sínithe ag gach comhalta den Choimisiún.

Cúram Custaiméirí

Tá CFI tiomanta do sheirbhís ghairmiúil, éifeachtúil agus chúirtéiseach a sholáthar dá chliaint de réir Chairt Chustaiméirí CFI agus Phrionsabail na Seirbhíse Ardchaighdeáin do Chustaiméirí. Tá cóip de Ráiteas Custaiméirí CRI ar fáil ar www.westerndevelopment.ie

Ní dhearnadh aon ghearáin a rinne custaiméirí a thabhairt le fios ná a chur i gcuntas in 2023.

Idirbhearta Lasmuigh den Chlár Comhardaithe

Ní raibh aon idirbhearta lasmuigh den chlár comhardaithe idir dáta an chláir chomhardaithe agus dáta faofa na ráiteas airgeadais.

Athbhreithniú Criticiúil Tréimhsiúil

Ar aon dul leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016), a cheanglaíonn ar mháthair-Ranna tabhairt faoi Athbhreithniú Criticiúil Tréimhsiúil ar a ngníomhaireachtaí gach 5 bliana. Thosaigh CFI an próiseas seo i rith 2022. Díríonn an t-athbhreithniú seo ar an gcás gnó leanúnach do CFI, ar a fheidhmíocht, a éifeachtúlacht, a éifeachtacht agus a shocruithe rialachais. Tá torthaí an athbhreithnithe ar feitheamh go fóill.

Cothromaíocht Inscne i mBallraíocht an Choimisiúin

Ní raibh ach comhalta amháin ceaptha den Choimisiún ag CFI amhail an 31 Nollaig 2023 mar gheall gur éag téarma na gcomhaltaí eile i Samhain 2023. Ceapadh 11 bhall in Eanáir 2024. Bhí dáileadh comhionann 6 bhall bhaineanna (50%) agus 6 bhall fhireanna (50%) ag an gCoimisiún i gcaitheamh na bliana. Baineann an Coimisiún sprioc an Rialtais, go ndéantar ionadaíocht íosta 40% de gach inscne i mballraíocht Bhoird Stáit amach, dá bharr.

Éifeachtúlacht agus Caomhnú Fuinnimh

Tá CFI tiomanta do chur le sprioc an Rialtais a bhaint chun laghdú 51% ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaint amach faoin mbliain 2030 in aghaidh leibhéil bhonnlíne 2016-2018 agus feabhas 50% a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh faoin mbliain 2030. D'fhorbair CFI a Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide in 2023 le hiarrachtaí a threorú i dtaobh na spriocanna seo a bhaint a dtugtar cuntas orthu i Sainordú um Ghníomhú ar son na hAeráide na hEarnála Poiblí.

Comhlíonadh Cánach

Is féidir liom a dheimhniú gur chomhlíon CFI na dlíthe cánach cuí agus a oibleagáidí cánach go hiomlán in 2023. Níor tugadh aon saincheist le fios.

Ráiteas Comhlíonta:

Chomhlíon CFI ceanglais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) agus chuir sé nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíontar an Cód. Chomhlíon CFI an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú go hiomlán sa bhliain 2023.

Thar ceann chomhaltaí an Choimisiúin:



Eugene Cummins

Cathaoirleach

Dáta: 04/12/2024

Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste Comptroller and Auditor General

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais Choimisiún Forbartha an Iarthair

Tuairim faoi na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais Choimisiún Forbartha an Iarthair don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 faoi mar a cheanglaítear faoi fhorálacha Alt 22 den Acht um Choimisiún Forbartha an Iarthair, 1998. Cuimsítear sna ráitis airgeadais

- an ráiteas ar ioncam agus caiteachas agus cúlchistí coimeádta
- an ráiteas ar ioncam cuimsitheach
- an ráiteas ar an staid airgeadais
- an ráiteas ar shreafaí airgid, agus
- na nótaí gaolmhara, achoimre ina measc ar bheartais shuntasacha chuntasaíochta.

I mo thuairim, tugtar sna ráitis airgeadais léiriú fíor agus cóir ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais Choimisiún Forbartha an Iarthair an 31 Nollaig 2023 agus ar a ioncam agus caiteachas don bhliain 2023 i gcomhréir leis an gCaighdeán um Thuairisciú Airgeadais (FRS) 102 – an Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais atá infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann.

Bunús na tuairime


Thug mé faoi m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht (CIIanna) faoi mar a d'fhógair an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Déantar cur síos ar m'fhreagrachtaí faoi na caighdeáin siúd san aguisín leis an tuarascáil seo. Tá mé neamhspleách ó Choimisiún Forbartha an Iarthair agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eiticiúla eile i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim gur leor agus gur cuí é an fhianaise iniúchóireachta atá faighte agam chun bonn a chur faoi mo thuairim.

Tuairisciú ar fhaisnéis eile seachas na ráitis airgeadais, agus ar cheisteanna eile

Chuir Choimisiún Forbartha an Iarthair faisnéis áirithe eile i láthair, sa mhullach ar na ráitis airgeadais. Cuimsítear ann seo an tuarascáil bhliantúil, an ráiteas rialachais agus tuarascáil chomhaltaí an Choimisiúin agus an ráiteas ar rialú inmheánach. Déantar cur síos ar m'fhreagrachtaí chun tuairisciú a dhéanamh maidir leis an bhfaisnéis siúd, agus ar cheisteanna áirithe eile ar a dtuairiscim mar eisceacht, san aguisín leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tabhairt le fios agam ina leith sin.



Mark Brady

Le haghaidh agus thar ceann an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
An 10 Nollaig 2024

Freagrachtaí Bhaill an Choimisiúin

Faoi mar a shonraítear sa ráiteas rialachais agus i dtuarascáil bhaill an Choimisiúin, tá baill an Choimisiúin freagrach as

- ullmhú na ráiteas airgeadais bliantúil san fhoirm a fhorordaítear faoi Alt 22 den Acht um Choimisiún Forbartha an Iarthair, 1998
- a chinntiú go dtugtar sna ráitis airgeadais léiriú fíor agus cóir i gcomhréir le FRS102
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- measúnú a dhéanamh ar cé acu an bhfuil nó nach bhfuil úsáid an ghnóthais leantaigh chuntasaíochta cuí, agus
- an rialú inmheánach sin a dheimhníonn siad is gá lena chumasú ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíshonrú ábhartha, cé acu más calaois nó earráid is cúis leis.

Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 22 den Acht um Choimisiún Forbartha an Iarthair, 1998 chun iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais Choimisiún Forbartha an Iarthair agus chun tuairisciú a dhéanamh orthu le Tithe an Oireachtais.

Is é mo chuspóir agus mé ag tabhairt faoin iniúchadh dearbhú réasúnta a fháil faoi cé acu an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais, ina n-iomláine, saor ó mhíshonrú ábhartha, cé acu más calaois nó earráid is cúis leis. Is ionann dearbhú réasúnta agus ardleibhéal de dhearbhu, ach ní hionann é agus ráthaíocht go mbraithfidh iniúchadh faoina dtugtar i gcomhréir leis na Cllanna i gcónaí míshonrú ábhartha nuair is ann dó. Féadfaidh míshonruithe eascairt ó chalaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más féidir súil réasúnta a bheith leis go n-imreoidh siad tionchar ar chinntí geilleagracha úsáideoirí a rinneadh ar bhunús na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na Cllanna, déanaim breithiúnas gairmiúil agus leanann amhras gairmiúil a bheith orm i gcaitheamh an iniúchta. Agus amhlaidh á dhéanamh agam,

- Sainaithním agus measúnaím na rioscaí i leith mhíshonrú ábhartha na ráiteas airgeadais, cé acu más calaois nó earráid is cúis leis, dearaim agus tugaim faoi nósanna imeachta iniúchta a fhreagraíonn ar na rioscaí siúd, agus faighim fianaise iniúchta ar leor agus ar cuí í le bunús a sholáthar do mo thuairim. Tá an riosca a chruthaítear nuair nach mbraítear míshonrú ábhartha a eascraíonn as calaois níos airde ná riosca a eascraíonn as earráid, mar gheall go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon turas, míléiriú, nó gabháil i dtreis ar rialú inmheánach.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh d'fhonn nósanna imeachta iniúchta a dhearadh atá cuí faoi na cúinsí, ach nach bhfuil cuí ar mhaithe le tuairim a léiriú faoi éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim meastóireacht ar oiriúnacht na mbeartas cuntasaíochta a úsáidtear agus réasúntacht na meastachán cuntasaíochta agus an nochta ghaolmhair.

- Bainim tátal a bhaint as oiriúnacht na húsáide a bhaintear an bonn gnóthais leantaigh na cuntasáíochta agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas, cé acu arb ann nó nach ann d'éiginnteacht ábhartha a bhaineann le himeachtaí nó coinníollacha a d'fhéadfadh cumas Choimisiún Forbartha an Iarthair a chur faoi amhras suntasach chun leanúint mar ghnóthas leantach. Má bhainim an tátal as gurb ann d'éiginnteacht ábhartha, ceanglaítear orm aird a thabhairt i mo thuarascáil ar an nochtadh gaolmhar sna ráitis airgeadais nó, mura cuí an nochtadh sin, ceanglaítear orm mo thuairim a bhunathrú. Tá mo chonclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas a fhad le dáta mo thuarascála. D'fhéadfadh go mbeadh imeachtaí nó coinníollacha amach anseo mar chúis leis, áfach, go gcuirfidh Coimisiún Forbartha an Iarthair deireadh le leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach.
- éanaim meastóireacht ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar iomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear na nochtaí, agus cibé an dtugann na ráitis airgeadais léiriú ar na hidirbhearta agus na himeachtaí bunúsacha ar shlí a thugann léiriú cothrom.

Déanaim cumarsáid leo siúd atá freagrach as rialachas i ndáil le, i measc ceisteanna eile, scóip agus uainiú pleanáilte an iniúchta agus torthaí suntasacha iniúchta, aon easnaimh i rialú inmheánach ina measc a shainaithnímid i rith m'iniúchta.

Tuairiscím, trí eisceacht, chomh maith, sna cásanna seo a leanas:

- Ní bhfuair mé, i mo thuairim, an fhaisnéis agus na mínithe go léir a theastaigh uaim chun m'iniúchadh a dhéanamh, nó
- I mo thuairim, níor leor na taifid chuntasaíochta lena ligean dom na ráitis airgeadais a léamh gan stró agus a iniúchadh i gceart, nó
- Níl na ráitis airgeadais, i mo thuairim, i gcomhréir leis na taifid chuntasaíochta.

Faisnéis eile seachas na ráitis airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim faoi na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair sna ráitis siúd agus ní léirím aon fhoirm de chonclúid dearbhaithe faoi.

I dtaobh m'iniúchta ar na ráitis airgeadais, ceanglaítear orm faoi na Cillanna chun an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair a léamh agus, nuair atá amhlaidh á dhéanamh, breithniú a dhéanamh ar cé acu an bhfuil nó nach bhfuil an fhaisnéis eile neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó an t-eolas a fuair mé san iniúchadh, nó más dealraitheach, ar bhealach eile, go ndearnadh an fhaisnéis eile a mhíshonrú go hábhartha. Má bhainim an tátal as, bunaithe ar an obair a rinne mé, go ndearnadh an fhaisnéis eile seo a mhíshonrú go hábhartha, tá orm sin a thabhairt le fios.

Tuairisciú ar cheisteanna eile

Tugaim faoi m'iniúchadh trí thagairt a dhéanamh do bhreithniúcháin speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistiú agus lena n-oibriú. Tuairiscím má shainaithním ceisteanna ábhartha lena mbaineann an bealach a tugadh faoi ghnó poiblí. Lorgaim fianaise a fháil faoi rialacht na n-idirbheart airgeadais i gcúrsa an iniúchta.

Tuairiscím má shainaithním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí chun a gcríoch beartaithe nó sa chás nach raibh na hidirbhearta i gcomhréir leis na húdaráis a bhí á rialú.

An Ráiteas ar Rialú Inmheánach 2023

Scóip na Freagrachta

Thar ceann Choimisiún Forbartha an Iarthair (CFI), aithním an fhreagracht atá ar an gCoimisiún as a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais á choimeád agus á fheidhmiú. Tugtar san fhreagracht seo aird ar riachtanais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh in ainm is riosca a bhainistiú i leith leibhéal infhulaingthe, seachas fáil réidh leis. Ní féidir leis an gcóras ach a dhearbhu go réasúnta, seachas go hiomlán, go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go gcuirtear i dtaifead iad i gceart, agus go gcoisctear earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad ar bhealach tráthúil.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh, atá ar aon dul leis an treoir a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i bhfeidhm in CFI don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023 agus a fhad le dáta faofa na ráiteas airgeadais.

Cumas chun Riosca a Láimhseáil

Tá Coiste Iniúcháireachta agus Riosca (CIR) ag CFI ina bhfuil triúr comhalta Boird agus triúr comhalta seachtrach, a bhfuil saineolas airgeadais agus iniúcháireachta acu, agus Cathaoirleach atá i nduine amháin díobh. Chas an CIR ar a chéile ceithre huaire in 2023.

Bhunaigh CFI feidhm iniúcháireachta inmheánaí, chomh maith, a bhfuil acmhainní leordhóthanacha aige le saineolas neamhspleách seachtrach agus tugann sé faoi chlár oibre a gcomhaontaíonn an CIR leis.

D'fhorbair an CIR beartas bainistíochta riosca ina leagtar amach an inghlacthacht riosca, na próisis bhainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus sonraítear ann ról agus freagrachtaí na foirne maidir le riosca.

Fochoiste Straitéise agus Riosca

Bunaíodh Fochoiste Straitéise agus Riosca in 2023 leis na tosca a scrúdú a chuireann leis an neamhchothroime reatha réigiúnach agus earnála i dtaobh dháileadh Chiste Infheistíochta an Iarthair. Chuir an fochoiste tuarascáil faoi bhráid chomhaltaí an Choimisiúin, moltaí san áireamh leis an dáileadh réigiúnach agus earnála a mhéadú ar aon dul le cuspóirí Phlean Straitéiseach CFI.

Creat Riosca agus Rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca ag CFI a shainaithníonn agus a thuairiscíonn príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta a bhfuiltear ag tabhairt fúthu chun dul i ngleic leo agus, a mhéid agus is féidir, na rioscaí siúd a mhaolú.

Tá Clár Rioscaí i bhfeidhm ina sainaithnítear na príomhrioscaí atá roimh CFI agus rinneadh iad seo a shainaithint, a mheasúnú agus a ghrádú i dtaobh a thábhachtaí atá siad. Buanordú atá sa chlár rioscaí ar chlár an Choimisiúin, an CIR agus na Bainistíochta agus déantar athbhreithniú air ag gach cruinniú. Úsáidtear toradh na measúnuithe seo chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go mbainistítear rioscaí i leith leibhéal inghlactha.

Sonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus gníomhartha a theastaíonn chun rioscaí agus freagracht as oibriú rialuithe a shanntar do chomhaltaí sonracha foirne a mhaolú. Is féidir le CFI a dheimhniú go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina bhfuil na gnéithe a leanas:

- Rinneadh nósanna imeachta do gach príomhphróiseas gnó a dhoiciméadú.
- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta agus sannadh an fhreagracht chomhfhreagrach.
- Tá córas cuí buiséadta ann ag a bhfuil buiséad bliantúil ar a ndéanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithniú leanúnach.
- Tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide a chinntiú.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.
- Cinntíonn nósanna imeachta rialaithe maidir le cistiú a sholáthar do ghníomhaireachtaí seachtracha go bhfuil dóthain rialaithe ar chistí a fhaomhadh agus monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar dheontaithe lena chinntiú gur cuireadh cistí chun feidhme don chuspóir a beartaíodh.

Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as dul i mbun gníomh ceartaitheach agus don bhainistíocht agus an Coimisiún, sa chás gurb iomchuí, ar bhealach tráthúil. Is féidir CFI a dheimhniú go bhfuil na córais mhonatóireachta leanúnaí seo a leanas i bhfeidhm:

- Sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe siúd agus aon easnaimh a thugtar le fios a shainaithnítear;
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal sa chás gur sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Déanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla feidhmíochta agus airgeadais a thugann feidhmíocht le fios i leith na mbuiséad/dtuartha.

Soláthar

Is féidir liom a dheimhniú go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag CFI le comhlíonadh na rialacha agus na dtreoirínte reatha soláthair a chinntiú agus gur chomhlíonadh CFI na nósanna imeachta siúd i rith 2023.

Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Deimhníonn an Coimisiún go bhfuil nósanna imeachta ag CFI chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá an mhonatóireacht agus an t-athbhreithniú a dhéanann an CFI ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh curtha ar an eolas ag an obair a dhéanann na hiniúcháirí inmheánacha agus seachtracha, an CIR, a dhéanann maoirseacht ar a n-obair, agus an fhoireann bainistíochta sinsearaí laistigh de CFI atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Deimhním gur thug an Coimisiún faoi athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha don bhliain 2023 an 26 Márta 2024.

Saincheisteanna Rialaithe Inmheánaigh

Níor sainaithníodh aon laigí i rialú inmheánach, amhail 2023, óna dteastaíonn nochtadh sna ráitis airgeadais.

Sínithe thar ceann an Choimisiúin



Eugene Cummins
Cathaoirleachn

Dáta: 04/12/2024

An Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coimeádta don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023

Ioncam	Nóta	2023 € Coimisiún Forbartha an Iarthair	2023 € Ciste Forbartha an Iarthair	2023 € Cistú Deontais AE	2023 € Iomlán	2022 € Iomlán
Deontais an Oireachtais	2	2,354,959	-	-	2,354,959	2,345,634
Deontais AE	3	-	-	304,217	304,217	875,321
Ioncam Eile	4	1,331,531	-	-	1,331,531	1,441,488
Ioncam Infheistíochta	5	-	847,074	-	847,074	194,883
Glanchistiú larchurtha Sochair Scoir	15c	582,000	-	-	582,000	651,000
Ioncam Iomlán		4,268,490	847,074	304,217	5,419,781	5,508,326
Caiteachas						
Costais Oibriúcháin	6a/b	(4,137,253)	-	(171,262)	(4,308,515)	(5,408,803)
Barrachas/(Easnamh) Oibriúcháin don bhliain		131,237	847,074	132,955	1,111,266	99,523
Méadú/(Laghú) ar Luach Sócmhainní Airgeadais	7	-	(72,439)	-	(72,439)	14,342,739
Barrachas/(Easnamh) roimh Leithreasáí		131,237	774,635	132,955	1,038,827	14,442,262
Aistriú (chuig)/ón gCuntas Caipitil	13	(4,807)	-	-	(4,807)	1,180
Barrachas/(Easnamh) tar éis Leithreasáí		126,430	774,635	132,955	1,034,020	14,443,442
Cúlchistí an 1 Eanáir		741,030	87,667,091	147,128	88,555,249	74,111,807
Cúlchistí an 31 Nollaig		867,460	88,441,726	280,083	89,589,269	88,555,249

Tá an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus nótaí 1-21 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

Eugene Cummins

Eugene Cummins, Cathaoirleach

Dáta: 04/12/2024

Allan Mulrooney

Allan Mulrooney, POF

Dáta: 04/12/2024

An Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023

	2023 €	2022 €
Barrachas/(Easnamh) tar éis Leithreasáí	1,034,020	14,443,442
Gnóthachan/(Caillteanas) Achtúireach ar Dhliteanais Sochair Scoir	(272,000)	(2,491,000)
Coigeartú ar Chistiú larchurtha Sochair Scoir	272,000	2,491,000
Ioncam Cuimsitheach iomlán don Bhliain	1,034,020	14,443,442

Tá an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus nótaí 1-21 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

Eugene Cummins

Eugene Cummins, Cathaoirleach

Dáta: 04/12/2024

Allan Mulrooney

Allan Mulrooney, POF

Dáta: 04/12/2024

An Ráiteas ar an Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2023

	Notes	2023 €	2022 €
Sócmhainní Inláimhsithe			
Sócmhainní Seasta	9	41,866	37,059
Sócmhainní Airgeadais	10	88,441,725	87,667,091
		88,483,591	87,704,150
Sócmhainní Reatha			
Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim		1,442,400	1,721,443
Infháltais	11	315,786	344,994
		1,758,186	2,066,437
Dlíteanais Reatha			
Suimeanna Iníoctha	12	(610,643)	(1,178,279)
Glansócmhainní/(Glandlíteanais) Reatha		1,147,543	888,158
Glansócmhainní roimh Oibleagáidí Sochair Scoir		89,631,134	88,592,308
Cistiú larchurtha Sochair Scoir		8,190,000	7,880,000
Oibleagáidí Sochair Scoir	15 b	(8,190,000)	(7,880,000)
Glansócmhainní Iomlána		89,631,134	88,592,308
Ina bhfuil			
Ciste Infheistíochta an Iarthair	10	88,441,725	87,667,091
Deontais/NPP an AE	19	280,083	147,128
Cúlchistí Ioncaim Coimeádta		867,460	741,030
Cuntas Caipitil	13	41,866	37,059
		89,631,134	88,592,308

Tá an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus nótaí 1-21 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.s

Eugene Cummins

Eugene Cummins, Cathaoirleach

Dáta: 04/12/2024

Allan Mulrooney

Allan Mulrooney, POF

Dáta: 04/12/2024

An Ráiteas ar Shreafaí Airgid don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023

	2023 € Coimisiún Forbartha an lathair	2023 € Ciste Forbartha an lathair	2023 € Cistlú Deontais AE	2023 € Iomlán	2022 € Iomlán
Sreafaí airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin					
Barrachas Ioncaim os cionn Caiteachais	126,430	774,635	132,955	1,034,020	14,443,442
Dímheas Sócmhainní Seasta	31,020	-	-	31,020	26,781
Aistriú chuig an gCuntas Caipitil	4,807	-	-	4,807	(1,180)
Caillteanas ar Dhiúscairt Sócmhainní Seasta	76	-	-	76	1,499
Ús Bainc	-	(276,722)	-	(276,722)	(65,243)
Díbhinní	-	-	-	-	-
Aistrithe idirchuideachta	7,550		(7550)	-	-
(Méadú)/Laghdú ar Infháiltais*	(105,499)	(544,083)	134,710	(514,872)	(5,203)
Méadú/(Laghdú) ar Shuimeanna Iníoctha**	(362,318)	500	(205,319)	(567,137)	(478,907)
(Méadú)/Laghdú ar Luach Sócmhainní Airgeadais	-	72,439	-	72,439	(14,342,739)
Glansreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin	(297,934)	26,769	54,796	(216,369)	(421,550)
Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta					
Íocaíochtaí chun Sócmhainní Seasta a fháil	(35,903)	-	-	(35,903)	(27,097)
Íocaíochtaí chun Gnáthscair a fháil	-	(8,721,204)	-	(8,721,204)	(6,349,768)
Íocaíochtaí chun Ionstraimí Fiachais a fháil	-	(2,705,133)	-	(2,705,133)	(2,928,784)
Fáltais ó Ionstraimí Fiachais	-	1,430,304	-	1,430,304	1,755,631
Fáltais ó Ghnáthscair	-	2,386,552	-	2,386,552	18,012,197
Glan-Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta	(35,903)	(7,609,481)	-	(7,645,384)	10,462,179
Sreafaí airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoinithe					
Ús bainc a fuarthas	-	276,722	-	276,722	65,243
Díbhinní a fuarthas	-	-	-	-	-
Glan-Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoinithe	-	276,722	-	276,722	65,243
Glanmhéadú/(Glanlaghdú) ar Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim	(333,837)	(7,305,990)	54,796	(7,585,031)	10,105,872
Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim an 1 Eanáir	945,576	44,899,316	775,867	46,620,759	36,514,887
Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim an 31 Nollaig	611,739	37,593,326	830,663	39,035,728	46,620,759

* Sa mhéadú tá gluaiseacht Infháiltais i Sócmhainní Airgeadais €544,083, ar ús ar thaiscí bainc a tuilleadh i rith 2023 ach nach bhfuarthas go fóill é sin.

** Sa mhéadú tá gluaiseacht i Suimeanna Iníoctha mar shraitheanna €500, ar suimeanna iad atá ag dul do Choimisiún Forbartha an lathair ag deireadh na bliana.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

1. Beartais Chuntasaíochta

Leagtar amach thíos bonn na cuntasaíochta agus na beartais shuntasacha chuntasaíochta lenar ghlac Coimisiún Forbartha an Iarthair. Cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad go léir i gcaitheamh na bliana agus don bhliain roimhe sin.

a) Eolas Ginearálta

Bunaíodh Coimisiún Forbartha an Iarthair faoin Acht um Choimisiún Forbartha an Iarthair, 1998, agus tá a cheannoifig suite ag Teach Dhiolúin, Bealach an Doirín, Contae Ros Comáin.

Is é príomhchuspóir Choimisiún Forbartha an Iarthair, faoi mar a leagtar amach in Alt 8 den Acht um Choimisiún Forbartha an Iarthair, forbairt gheilleagrach agus shóisialta i Réigiún an Iarthair a chur chun cinn agus a chur faoi deara go gcuirfear chun cinn í, agus cabhrú léi, agus í a chothú agus a spreagadh.

Is aonán poiblí é Coimisiún Forbartha an Iarthair.

b) Ráiteas Comhlíonta agus Bonn an Ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, a mionathraíodh le hearraí áirithe ar luach cóir a chur san áireamh i gcomhlíonadh an Chaighdeáin um Thuairisciú Airgeadais 102 (FRS 102) a d'eisigh an Chomhairle um Thuairisciú Airgeadais agus san fhoirm a d'fhaomh an tAire Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Oileán, le comhthoiliú an Aire Airgeadais faoin Acht um Choimisiún Forbartha an Iarthair, 1998.

Cuirtear airgeadra ráitis airgeadais Choimisiún Forbartha an Iarthair i láthair in Euro. Meastar gurb é Euro airgeadra feidhmiúil Choimisiún Forbartha an Iarthair mar gheall gurb í an phríomhthimpeallacht gheilleagrach ina n-oibrítear an ghníomhaireacht.

Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go comhsheasmhach nuair a bhíodas ag déileáil le hearraí a mheastar atá ábhartha maidir le ráitis airgeadais Choimisiún Forbartha an Iarthair.

c) Gnóthas Leantach

Mar gheall go gcuireann Coimisiún Forbartha an Iarthair seirbhís phoiblí ar fáil a chistítear ag airgead a sholáthraíonn an Státchiste, trína mháthair-roinn (an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail), is cuí na ráitis airgeadais seo a ullmhú ar bhonn gnóthas leantach.

D'ullmhaigh an Coimisiún réamh-mheastacháin sreabhaidh airgid do na chéad dhá mhí dhéag eile amach romhainn ina n-aithnítear an leibhéal éagsúlaithe i ngníomhaíochtaí gnó an Choimisiúin agus ina dtugtar le fios go leanfaidh CFI lena dhlíteanas a shásamh de réir mar a bhíonn siad dlite i gcaitheamh na chéad dhá mhí dhéag eile seo amach romhainn.

Ar an ábhar sin, leanann CFI, bunaithe ar an méid thuas, ag glacadh le bonn gnóthais leantaigh agus a Ráitis Airgeadais á n-ullmhú acu.

d) Ioncam

Cuirtear ioncam EPBD i gcuntas ar bhonn fabhrúithe, seachas i gcás an mhéid seo a leanas:

Deontais an Oireachtais

Aithnítear Deontais an Oireachtais ar bhonn fáltas airgid thirim.

Ioncam Infheistíochta

Aithnítear ioncam infheistíochta sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus sa chuntas Cúlchistí Coimeádta ar bhonn fáltas airgid thirim.

Ríomhtar ús ar iasachtaí ar bhonn an iarmhéid laghdaithe agus aithnítear é de réir mar a fhaightear é thar thréimhse an chomhaontaithe.

Aithnítear ús bainc ar bhonn fabhrúithe.

Ioncam ó Dhíbhinní

Aithnítear ioncam díbhinní ó ghnáthscaireanna ar bhonn fabhrúithe nuair atá an díbhinn fógartha. Tá ioncam díbhinní ó scaireanna tosaíochta sonraithe i gcomhaontuithe dlí, agus íoctar iad nuair atá dóthain cúlchistí indáilte ag na cuideachtaí. Aithnítear ioncam ó dhíbhinní nuair a bhunaítear an ceart leis an íocaíocht a fháil, nuair is dóchúil go bhfaighfear ioncam agus gur féidir an tsuim a thomhas go hiontaofa.

Táillí agus Eisíocaíocht Mhonatóireachta

Cuirtear Táillí Monatóireachta i gcuntas ar bhonn fáltas airgid thirim i gCiste Infheistíochta an Iarthair.

Déantar an eisíocaíocht a bhaineann le hoibriú Chiste Infheistíochta an Iarthair a ghearradh ar Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Coimeádta an Choimisiúin.

Gnóthachan agus Caillteanas ar Infheistíochtaí agus Iasachtaí a Aithint

Aithnítear gnóthachain agus/nó caillteanas réadaithe ó athrú ar infheistíochtaí de bharr díola nó díscríofa sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Coimeádta nuair a thabhaítear iad.

Aithnítear gnóthachain neamhréadaithe mar thoradh ar athluacháil infheistíochta sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Coimeádta i gcásanna inar féidir luach cóir na hinfeistíochta a mheas go cruinn.

Aithnítear caillteanais neamhréadaithe a eascraíonn as athruithe ar luacháil infheistíochtaí agus iasachtaí, sa chás go bhfuil Coimisiún Forbartha an Iarthair faoin tuairim go bhfuil luach infheistíochta laghdaithe faoi bhun an luacha anonn agus cruthaítear foráil agus déantar é a mhuirearú chuig an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coimeádta.

Déantar Sócmhainní Airgeadais, seachas iad siúd a thomhaistear ar luach cóir a mheasúnú i dtaobh táscairí bearnaithe ag deireadh gach bliana. Más ann d'fhianaise oibiachtúil i leith lagú, aithnítear soláthar bearnaithe sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coimeádta.

Nuair is ionann agus náid measúnú an Choimisiúin ar luach infheistíochtaí mar gheall ar dhócmhainneacht nó ar rud eile, déantar na hinfeistíochtaí siúd a dhíscríobh.

I gcás go ndíoltar infheistíochtaí cothromais, ní aithnítear aon mhéideanna a choimeádtar in eascró sa Ráiteas ar Staid an Airgeadais, ach ní aithnítear iad ach nuair a fhaightear iad.

e) Sócmhainní Seasta

Luaitear sócmhainní seasta ar a gcostas lúide dímhéas carnach, agus coigeartaítear iad d'aon fhoráil le haghaidh bearnú. Luaitear dímhéas ar rátaí a mheastar chun díscríobh a dhéanamh ar chostas gach sócmhainne ar bhonn líne dhíreach i gcaitheamh a saoil mheasta úsáide, mar seo a leanas:

- | | |
|-----------------------------|----------------|
| (i) Daingneáin agus Feistis | 15% sa bhliain |
| (ii) Trealamh Ríomhaire | 33% sa bhliain |

f) Sócmhainní Airgeadais

Iasachtaí Lamháltais Aonán Sochair Phoiblí

De réir Alt 34 de FRS 102, deonaíonn Coimisiún Forbartha an Iarthair iasachtaí lamháltais d'aonáin leas an phobail i.e. iasachtaí a dheonaítear chun críche cuspóirí CFI a chur chun cinn, nach bhfuil inaisíoctha ar éileamh agus a dheonaítear ar leibhéal faoi bhun an ráta margaidh úis atá i réim. Ar dtús, aithnítear iasachtaí sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais ar an méid íoctha. Ina dhiaidh sin, déanfar an méid tugtha anonn sna ráitis airgeadais a choigeartú chun aon ús fabhráithe iníoctha nó infhaighte a léiriú. Déantar athbhreithniú ar iasachtaí iníoctha gach bliain chun eolas a fháil maidir le comharthaí de bhearnúchán agus déantar aon chaillteanais bhearnúcháin a aithint sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Coimeádta.

Infheistíochtaí Gan Luachan

Tá gach Infheistíocht i gcuideachtaí neamhluaite. Más féidir é a thomhas go hiontaofa, sonraítear a leithéid sin d'infheistíochtaí ar luach cóir. Sainmhínítear luach cóir mar an méid a bhféadfaí sócmhainn a mhalartú lena haghaidh idir páirtithe eolasacha agus toilteanacha in idirbheart ar neamhchomaoin. I gcásanna nuair nach féidir an luach cóir a thomhas go beacht, déantar an infheistíocht a luacháil ar chostas mura bhfuil fianaise ann i leith bearnú agus déantar seo a luacháil sa chás sin ar chostas lúide bearnú.

Ní aithníonn CFI luach na n-infheistíochtaí cothromais, mar gheall nach bhfuil na haonáin á rialú aige.

Iarmhéideanna Airgid Thirim ar fáil lena nInfheistiú

I dteannta le hinfeistíochtaí cothromais, iasachtaí agus ioncam táillí, cuimsítear i gciste Choimisiún Forbartha an Iarthair freisin iarmhéideanna airgid thirim chun infheistíochtaí amach anseo a mhaoiniú.

Dí-aithint sócmhainní airgeadais

Ní dhéantar sócmhainní airgeadais a dhí-aithint ach amháin nuair a éagann na cearta conarthacha i leith na sreafaí airgid thirim ón tsócmhainn nó nuair a réitítear iad, nó nuair a aistríonn CFI rioscaí agus luaíochtaí uile na húinéireachta go substainteach chuig aonán eile, nó má choimeádtar roinnt rioscaí suntasacha ach aistríodh rialú na sócmhainne chuig páirtí eile atá in ann an tsócmhainn, ina hiomláine, a dhíol le tríú páirtí neamhghaolmhar.

Déantar iasachtaí a dhí-aithint, nuair atá an ceart sreafaí airgid ó na hiasachtaí a fháil imithe in éag, go hiondúil nuair atá na méideanna gan íoc ar fad aisíoctha ag an aonán. Ní aistríonn CFI iasachtaí chuig tríú páirtithe lena n-aisghabháil.

g) Infháltais

Aithnítear infháltais ar a luach cóir, lúide soláthar i leith fiacha amhrasacha. Is soláthar sonrach é an soláthar i leith fiacha amhrasacha, agus bunaítear é nuair is ann d'fhianaise oibiachtúil nach mbeidh Coimisiún Forbartha an Iarthair in ann gach méid atá dlite dó a bhailiú. Aithnítear gach gluaiseacht sa soláthar i leith fiacha amhrasacha sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Coimeáda.

h) Cláir Chistithe an AE

Glacann CFI páirt i roinnt tionscadail forbartha réigiúnaí ó chláir chistithe an AE, Clár Interreg an AE agus Clár an Fhorimill Thuaidh agus an Artach (FTA) de chuid Interreg an AE san áireamh.

Go ginearálta, is féidir le comhpháirtithe atá lonnaithe i mBallstáit an AE ráta deontais idir 65% agus 100% a chur i bhfeidhm, ag brath ar an gclár cistithe. Is féidir le comhpháirtithe atá lonnaithe lasmuigh den AE ráta deontais a mhéid le 50-65% a chur i bhfeidhm, ag brath ar an tír. Faoi chúinsí eisceachtúla, is féidir leis an gCoiste Faireacháin ráta deontais níos airde a cheadú.

Glacann CFI páirt sa chlár trí thart ar 35-40% de na costais a bhaineann le gach tionscadal a ranníoc, ag brath ar an ráta deontais. Déantar an ranníocaíocht seo trí ranníocaíocht chomhchineáil ina bhfuil pá chroífhóireann CFI, tuarastail agus ionsú chostais na hoifige a úsáid a bhíonn i gceist i rith shaolré na dtionscadal.

Ghlac CFI páirt sna tionscadail seo mar phríomh-chomhpháirtí agus mar chomhpháirtí tionscadail araon. Mar phríomh-chomhpháirtí, déanann CFI éilimh thar ceann chomhpháirtíocht níos fairsinge an tionscadail le rúnaíocht Chlár Cistithe an AE. Sula ndéantar aon éileamh, deimhníonn rialaitheoir náisiúnta chéad leibhéal na costais i dtaobh comhlíonta agus a luaith a d'eisigh an comhlacht seo deimhniú caiteachais, déanann an rúnaíocht an t-éileamh a chomhdhlúthú agus a phróiseáil. Is gnách go sceidealaítear éilimh gach sé mhí. Ach tugtar faoi deara, áfach, go nglacann sé idir dhá mhí dhéag nó níos faide ar an aga tionscanta próiseála.

Mar chuid den phróiseas seo, déanann an AE iniúchadh tréimhsiúil ar Choimisiún Forbartha an Iarthair.

Aithnítear ioncam ar bhonn fabhrúithe. Cuirtear ioncam atá dlite maidir le caiteachas a tabhaíodh, ach nuair nár seoladh an t-éileamh lena mbaineann ar aghaidh, san áireamh mar ioncam.

i) Sochair Fostaí

Sochair Ghearrthéarmacha

Aithnítear sochair gearrthéarmacha, ar nós pá saoire, sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coimeádta agus áirítear sochair a fhabhraítear ag deireadh na bliana le figiúirí na n-earraí iníoctha sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais.

Sochair Scoir

Bhunaigh Coimisiún Forbartha an Iarthair a scéim pinsin féin le sochar sainithe roimhe seo, a chistítear gach bliain ar bhonn íoc mar a thuillir ó airgead a sholáthair an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus ó ranníocaíochtaí a asbhaineadh ó thuarastail foirne agus bhall. Oibríonn Coimisiún Forbartha an Iarthair Scéim Pinsin Seirbhísí Poiblí Aonair ("Scéim Aonair"), chomh maith, ar scéim le sochar sainithe í d'fhostaithe sa tseirbhís phoiblí atá in aois an phinsin a ceapadh an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin. Íoctar ranníocaíochtaí chomhaltaí na Scéime Aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (an RCPA).

Léirítear i gcostais phinsin sochair phinsin a thuill fostaithe agus léirítear iad glan ar ranníocaíochtaí pinsin foirne a aisíoctar leis an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail. Aithnítear suim atá cothrom leis an táille phinsin mar ioncam sa mhéid is go bhfuil sé in-aisghabhála, agus seach-churtha ag deontais a fuarthas sa bhliain d'fhonn íocaíochtaí pinsin a scaoileadh.

Léirítear gnóthachain nó caillteanais achtúireacha a eascraíonn ar dhliteanais scéime sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid atá in-aisghabhála ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail.

Léirítear sna ráitis airgeadais na sócmhainní agus na dliteanais, ar luach cóir, a eascraíonn ó oibleagáidí pinsin Choimisiún Forbartha an Iarthair agus as aon chistiú gaolmhar, agus aithnítear na costais a bhaineann le sochair phinsin a sholáthar sna tréimhsí cuntasáíochta inar thuill fostaithe iad. Déantar dliteanais na scéime sochar scoir a thomhas ar bhonn achtúireach agus leas á bhaint as modh na n-aonad réamh-mheasta creidmheasa.

j) Breithiúnais agus Meastacháin Chuntasaíochta Criticiúla

Is gá bainistíocht a dhéanamh ar ullmhú na ráiteas airgeadais chun breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a dhéanann difear do shuimeanna glanluacha sócmhainní agus dliteanas amhail dháta an chláir chomhardaithe agus na suimeanna a tugadh le fios le haghaidh ioncaim agus caiteachais i rith na bliana. Mar gheall ar chineál an mheastacháin, áfach, d'fhéadfadh torthaí iarbhir a bheith éagsúil ó na meastacháin seo. D'imir na breithiúnais seo a leanas an tionchar ba shuntasaí ar shuimeanna a aithnítear sna ráitis airgeadais.

Luacháil Sócmhainní Airgeadais

Cinntear luach na sócmhainní airgeadais nach bhfuil trádáilte i margaí gníomhacha trí úsáid a bhaint as teicnící luachála. Baineann Coimisiún Forbartha an Iarthair feidhm as breithiúnas nuair a bhíonn éagsúlacht mhodhanna á roghnú agus déanann sé toimhdí atá bunaithe go príomha ar shonraí infheicthe agus coinníollacha arb ann dóibh ag gach dáta tuairiscithe.

Lagú ar Infheistíochtaí Cothromais

Tomhaistear infheistíochtaí nach dtomhaistear ar luach cóir ar a gcostas lúide lagú ag an dáta tuairiscithe. Tá táscairí i leith lagú bunaithe ar phróiseas athbhreithnithe trí úsáid a bhaint as na cuntais is déanaí iniúchta nó bhainistíochta de chuid na gcuideachtaí institiúide infheistiúcháin nó eolas eile ábhartha gnó. Más ann d'fhianaise i leith lagú, aithnítear soláthar bearnaithe sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coimeádta sa bhliain. Nuair is ann d'fhianaise nach bhfuil an soláthar bearnaithe roimhe sin infheidhme a thuilleadh, déantar na soláthairtí siúd a aisiompú.

Bearnú iasachtaí

Déanann Coimisiún Forbartha an Iarthair athbhreithniú iomlán agus críochnúil ar a phunann iasachtaí ar fad ag gach dáta tuairiscithe chun cinneadh a dhéanamh maidir le cibé an bhfuil nó nach bhfuil fianaise oibiachtúil ann go bhfuil aon cheann dá chuid iasachtaí bearnaithe. Déantar iasachtaí a mheas ar bhonn aonair. Déanfar foráil shonrach i ndáil le hiasachtaí lena mbaineann amhras suntasach agus fíor maidir le hinbhailitheacht an mhéid atá gan íoc. Ina theannta sin, más rud é, i rith na bliana, go bhfuil fianaise oibiachtúil ann go bhfuil aon iasacht aonair bearnaithe, aithneofar caillteanas sonrach.

Oibleagáid Sochair Scoir

Nuashonraítear na toimhdí atá faoi na luachálacha achtúireacha a ndéantar cinneadh orthu i dtaobh na suimeanna a aithnítear sna ráitis airgeadais (rátaí lascaine, rátaí méadaithe ar leibhéil chúitimh amach anseo, rátaí básmhaireachta agus treorátaí costas cúram sláinte) gach bliain bunaithe ar choinníollacha reatha geilleagracha, agus i dtaobh aon athruithe a thagann ar théarmaí agus coinníollacha na bpleananna pinsin agus iarscoir.

Is féidir leis an méid seo a leanas tionchar a imirt ar na toimhdí:

- (i) an ráta lascaine, athruithe ar ráta an toraidh ar bhannaí corparáideacha ardchaighdeán
- (ii) leibhéil chúitimh amach anseo, coinníollacha margadh saothair amach anseo

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais		2023 €	2022 €
2. Deontais an Oireachtais			
An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail		2,354,959	2,345,634
3. Ioncam an AE			
Ioncam Deontais an AE		304,217	875,321
Ioncam Eile		-	85
		304,217	875,406
Glacann CFI páirt i roinnt tionscadal ó chlár chistithe an AE, Clár Interreg an AE agus Clár an Fhorimill Thuaidh agus Artach (FTA) de chuid Interreg an AE san áireamh. Go ginearálta, is féidir le comhpháirtithe atá lonnaithe i mBallstáit an AE ráta deontais idir 65% agus 100% a chur i bhfeidhm agus is féidir le comhpháirtithe atá lonnaithe sna tíortha comhpháirtithe lasmuigh den AE ráta deontais a mhéid le 50-65% a chur i bhfeidhm, ag brath ar an tír. Faoi chúinsí eisceachtúla, is féidir leis an gCoiste Faireacháin ráta deontais níos airde a cheadú. Glacann CFI páirt sa chlár trí ranníocaíocht thart ar 35-40% de na costais a dhéanamh a bhaineann le gach tionscadal trí ranníocaíocht chomhchineáil de chuid phá chroífhóireann CFI, tuarastail agus ionsú chostais na hoifige a úsáid a bhíonn i gceist i rith shaolré thionscadal.			
4. Ioncam Eile			
Ioncam Eile		360,234	235,025
Moil Digi West		27,268	146,246
Moil CGA		857,217	1,034,485
An Tionscadal Cliste-Glas		86,812	25,647
		1,331,531	1,441,403
5. Ioncam Infheistíochta			
Dibhinní a fuarthas ar Infheistíochtaí Cothromais		-	-
Ús a fuarthas ar lasachtaí		225,736	204,829
Glanús Bainc infhaighte ar Airgead CII sa Bhanc		820,805	65,243
Táillí Monatóireachta		52,351	24,650
Eisíocaíochtaí		(251,818)	(99,839)
		847,074	194,883

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	Notes	2023 €	2022 €
6 a. Costais Oibríocháin Choimisiún Forbartha an Iarthair			
Tuarastail (ÁSPC fostóra san áireamh)		1,776,006	1,843,775
Taisteal agus Cothú - Foireann		94,701	79,914
Costais Sochair Scoir	15a	523,029	591,419
Oiliúint agus Forbairt		18,421	26,016
Caidreamh Poiblí		112,537	50,548
Táillí Gairmiúla		207,768	127,792
Táillí Gairmiúla - Ciste Infheistíochta an Iarthair		10,830	11,658
Earcaíocht Foirne		30,447	39,210
Comhaltaí an Choimisiúin			
Taisteal agus Cothú		10,603	8,971
Táillí		49,920	51,871
Fochoistí an Choimisiúin			
Taisteal agus Cothú		1,168	393
Táillí		4,650	5,500
Cruinnithe agus Comhdhálacha		14,919	4,577
Cló agus Dearadh		31,489	18,462
Costais Oifige		45,774	40,914
Solas agus Téamh		7,992	7,562
Deisiúcháin agus Cothabháil		4,675	10,602
Árachas		12,634	19,931
Táille Iniúchta		19,600	17,800
Iniúcháireacht Inmheánach		5,535	15,375
Fógraíocht, Margaíocht agus Suibscríbhinní		47,363	38,675
Teileachumarsáid		15,941	34,026
Dímheas	9	31,020	26,781
Caillteanas ar dhiúscairt sócmhainní seasta		-	319
Urraíocht agus Tionscadail		8,420	49,840
Ilghnéitheach		(900)	1,832
Íocaíochtaí comhpháirtithe		-	-
Córais Ghréasáin agus TF		82,303	89,674
Moil Digi West		27,238	146,246
Moil CGA		856,358	979,735
An Tionscnamh Cliste-Glas		86,812	25,648
Caiteachas Éire Ildánach		-	61,800
Caiteachas ARISE		-	41,712
		4,137,253	4,468,578

Léirítear Pá agus Tuarastail dhíreacha don fhoireann ar conradh chun oibriú go hiomlán ar Thionscadail AE faoi chaiteachas ar Dheontais/Thionscadail AE.

Gearrtar ranníocaíocht Choimisiún Forbartha an Iarthair le costais ghaolmhara do thionscadail AE €131,164 (2022: €63,769) le haghaidh tionscadail AE ar na costais thuas.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais		2023 €	2022 €
6 b. Costais Oibríocháin – Deontais/Tionscadail AE			
Tuarastail (ÁSPC fostóra san áireamh)		99,199	100,049
Taisteal agus Cothú - Foireann		43,081	16,954
Táillí Gairmiúla		4,330	79,580
Cruinnithe agus Comhdhálacha		2,916	1,410
Caidreamh Poiblí		-	8,963
Cló agus Dearadh		2,103	1,101
Costais Oifige		1,082	10,891
Córais Ghréasáin agus TF		17,799	8,212
Ilghnéitheach		-	892
Cuir Chuige Réigiúnacha i leith Fiontraíocht Áitiúil a Spreagadhe		752	712,173
		171,262	940,225

Gearrtar Pá agus Tuarastail dhíreacha don fhoireann a oibríonn go hiomlán ar Thionscadail AE ar na ráitis airgeadais faoi Chaiteachas ar Thionscadail AE. lonsúitear ranníocaíocht Choimisiún Forbartha an Iarthair le costais ghaolmhara i rith shaolré an tionscadail i gcostais oibríocháin Choimisiún Forbartha an Iarthair. Sceidealaítear éilimh gach sé mhí. D'fhéadfadh roinnt dátaí éilimh teacht aníos, áfach, lasmuigh den bhliain féilire agus tugtar faoi deara go nglacann sé idir dhá mhí dhéag nó níos faide chun éilimh a phróiseáil agus ó na hagaí tionscanta éileamh faoi Chlár Cistithe an AE.			
6 c. An Príomhphearsanra Bainistíochta			
Is éard atá sa phríomhphearsanra bainistíochta i gCoimisiún Forbartha an Iarthair an POF agus comhaltai an Choimisiúin. B'ionann an cúiteamh iomlán a íocadh leis an bpríomhphearsanra bainistíochta, táillí agus costais chomhaltai an Choimisiúin agus luach saothair iomlán an POF san áireamh, agus €168,310, (2022: €179,610).			
6 d. Costais Foirne			
Tuarastail Choimisiún Forbartha an Iarthair (ÁSPC fostóra san áireamh)		1,405,907	1,562,616
Tuarastail Choimisiún Forbartha an Iarthair - Moil (ÁSPC fostóra san áireamh)		370,099	281,159
Tuarastail Chiste Infheistíochta an Iarthair (ÁSPC fostóra san áireamh)		251,818	99,839
Tuarastail Cistiú Deontais AE (ÁSPC fostóra san áireamh)		99,199	100,049
		2,127,023	2,043,662

Ba é an líon iomlán foirne a fostaíodh (Coibhéisí Lánaimeartha (CLA)) amhail an 31 Nollaig 2023 27.6 (2022: 26.9). Tá ríomh na líonta Fostaithe Coibhéise Lánaimeartha (CLA) bunaithe ar an líon foirne buana/ ar conradh atá fostaithe ag deireadh na bliana.

Déantar sochair ghearrthéarmacha fostaithe a sháraíonn €60,000 a chatagóiriú sna bandaí seo a leanas:

Banda Tuarastail (€) 2023	Líon Foirne	Banda Tuarastail (€) 2022	Líon Foirne
60,000 – 69,999	4	60,000 – 69,999	6
70,000 – 79,999	6	70,000 – 79,999	3
80,000 – 89,999	1	80,000 – 89,999	1
90,000 – 99,999	0	90,000 – 99,999	2
100,000 – 109,999	3	100,000 – 109,999	-

Ar mhaithe leis an nochtadh thuas, áirítear le sochair ghearrthéarmacha fostaithe maidir le seirbhísí a cuireadh ar fáil i rith na tréimhse tuairiscithe, tuarastail agus íocaíochtaí eile a rinneadh thar ceann an fhostaí, ach ní áirítear ÁSPC fostóra leo.

	2023 Tuarastail €	2023 Taisteal agus Cothú €	2022 Tuarastail €	2022 Taisteal agus Cothú €
6 e. Tuarastal an POF				
An tUasal Allan Mulrooney	100,752	7,034	5,859	44
An tUasal Tomás Ó Síocháin (d'éirigh as le héifeacht an 6 Nollaig 2022)	-	-	99,818	7,154
	100,752	7,034	105,677	7,198

Socraíodh scála tuarastail an POF ar leibhéal Ard-Phríomhoifigigh sa Státseirbhís in 2023. Ní oibríonn Coimisiún Forbartha an Iarthair scéim dámhachtana a bhaineann le feidhmíocht. Ní dhearnadh aon íocaíochtaí bónais leis an POF. Ní sháraíonn teidlíocht pinsin an POF na socrúithe caighdeánacha atá i scéim pinsin na hearnála poiblí.

6 f. Ranníocaíocht Aoisliúntais Bhreise (RAB)

Asbhaineadh €50,297 ón bhfoireann in 2023 tríd an tobhach pinsin (2022: €44,188) agus íocadh é leis an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail. Tháinig an RAB in ionad na hasbhainte a bhaineann le pinsean (ABP) ar cuireadh deireadh leis ag deireadh 2018. Bhí an ABP bunaithe ar luach saothair inchánach agus tá an RAB bunaithe ar luach saothair inphinsin amháin. Cé gur bheart sealadach é an ABP, ranníocaíocht bhuan é an ABP maidir le luach saothair inphinsin.

7. Gluaiseacht i luach sócmhainní airgeadais	2023 €	2022 €
(Méadú)/Laghdú ar sholáthar bearnaithe Infheistíochtaí Cothromais	(1,026,043)	(1,447,604)
(Méadú)/Laghdú ar sholáthar do bhearnú an Leabhair Iasachtaí	(30,746)	30,462
Discríobh iasachtaí	(36,708)	(30,418)
Discríobh cothromais	(1,246,608)	-
Gnóthachan Réadaithe ar Infheistíochtaí Cothromais	2,267,666	15,790,299
Méadú/(Laghdú) ar luach sócmhainní airgeadais	(72,439)	14,342,739
Ioncam Infheistíochta (Nóta 5)	847,074	194,883
Méadú/(Laghdú) ar luach sócmhainní airgeadais	774,635	14,537,622

Cuirtear Gnóthachan Réadaithe €2,267,666 (2022: gnóthachan €15,790,299) san áireamh sa ghluaiseacht ar luach na Sócmhainní Airgeadais thuas a réadaíodh sa bhliain ó dhiúscairtí Infheistíochtaí Cothromais.

8. Áitreabh

Tá Coimisiún Forbartha an Iarthair bunaithe i dTeach Dhiolúin, foirgneamh faoi úinéireacht Chomhairle Contae Ros Comáin agus a bhíodh á bhainistiú ag Oifig na nOibreacha Poiblí. Aontaíodh le léas trí bliana idir na páirtithe le linn na bliana agus is é an cíos atá inioctha CFI €6,000 sa bhliain.

9. Sócmhainní Inláimhsithe Sócmhainní Seasta	2023 €	2022 €
Costas an 1 Eanáir	184,844	219,896
Breisiúcháin	35,903	27,097
Diúscairtí	(23,910)	(62,149)
Iarmhéid ar 31 Nollaig	196,837	184,844
Dímheas Carntha	147,785	181,657
Muirear Dímheasa	31,020	26,781
Diúscairtí	(23,834)	(60,653)
Iarmhéid ar 31 Nollaig	154,971	147,785
Glanluach Leabhar an 31 Nollaig	41,866	37,059

Tá Daingneáin agus Feistis ar GLL €10,056 (2022: €12,295) agus Trealamh Ríomhaire ar GLL €31,810 (2022: €24,764) san áireamh i Sócmhainní Seasta.

10 Sócmhainní Airgeadais	Nota	2023 €	2022 €
Infheistíochtaí Cothromais a thomhaistear ar Luach Cóir	10a	11,480,000	11,480,000
Infheistíochtaí Cothromais a thomhaistear ar a gCostas líude Bearnú	10a	30,060,789	23,731,122
Iasachtaí	10b	8,764,028	7,556,653
Iarmhéid airgid thirim ar fáil lena Riar	10c	273,217	262,814
Iarmhéid airgid thirim ar fáil lena Athinfheistiú	10d	37,320,109	44,636,502
Glan-infháltais (Ús ar thaiscí a tuilleadh)		543,583	-
Sócmhainní Airgeadais Iomlána		88,441,726	87,667,091

10 a. Infheistíochtaí Cothromais		2023 €	2022 €
Suim Ghlanluacha Luacha Chóir			
Luach Cóir Tosaigh Infheistíochtaí Cothromais		11,480,000	13,661,823
Aisiompú Luacha Cóir ar Dhiúscairt		(2,267,666)	(17,972,122)
Gluaiseacht ar Luach Cóir		2,267,666	15,790,299
Luach Cóir Deiridh an 31 Nollaig		11,480,000	11,480,000
Costas Líude Suim Ghlanluacha Bhearnaithe			
Costas Tosaigh an 1 Eanáir		27,789,533	21,479,840
Breisiúcháin		8,721,204	6,349,768
Díscríobh		(1,246,607)	-
Díúscairtí		(118,886)	(40,075)
Costas Deiridh an 31 Nollaig		35,145,244	27,789,533
Soláthar do Lagú			
Soláthar tosaigh an 1 Eanáir		(4,058,411)	(2,610,807)
(Méadú) ar sholáthar do Bhearnú		(2,401,499)	(2,463,680)
Laghdú ar sholáthar do Bhearnú		1,375,455	1,016,076
Soláthar deiridh an 31 Nollaig		(5,084,455)	(4,058,411)
Glanhostas líude Bearnú an 31 Nollaig		30,060,789	23,731,122
Luach Infheistíochtaí Cothromais an 31 Nollaig		41,540,789	35,211,122

Bhí cistí ar luach €3,363,877 (2022: €3,380,471) maidir le hinfeistíochtaí a dhiúscairt á gcoimeád ag tríú páirtithe in eascró thar ceann CFI ag an dáta tuairiscithe. Braitheann scaoileadh na gcistí ar cibé acu an dtitfidh nó nach dtitfidh imeachtaí sonraithe amach anseo amach nó an sásófar nó nach sásófar coinníollacha. I gcomhréir le beartas cuntasaiochta CFI, aithneofar na cistí seo nuair a fhaigheann CFI na cistí.

10 b. Iasachtaí		2023 €	2022 €
Costas			
Luach Tosaigh an 1 Eanáir		8,355,937	7,213,202
Breisiúcháin		2,705,133	2,928,784
Aisiocaíochtaí Iasachta		(1,430,304)	(1,755,631)
Discríobh Iasachtaí		(36,708)	(30,418)
Costas an 31 Nollaig		9,594,058	8,355,937
Soláthar do Lagú			
Soláthar tosaigh an 1 Eanáir		(799,284)	(829,746)
Gluaiseacht sa soláthar do Bhearnú		(30,746)	30,462
Soláthar deiridh an 31 Nollaig		(830,030)	(799,284)
Luach Iasachtaí an 31 Nollaig			
		8,764,028	7,556,653
Infhaighte laistigh de 12 mhí			
		747,903	675,601
Infhaighte i ndiaidh 12 mhí			
		8,016,125	6,881,052
10 c. Iarmhéid airgid thirim ar fáil lena Riar			
Iarmhéid Tosaigh an 1 Eanáir		262,814	338,003
Táillí Monatóireachta		52,351	24,650
Eisiocaíochtaí		(41,948)	(99,839)
Iarmhéid Deiridh an 31 Nollaig		273,217	262,814
Déantar infheistíochtaí cothromais ar bhonn pari passu le hinfheisteoirí san eanáil phríobháideach. Gearrtar táillí monatóireachta nuair a ghearrann infheisteoirí san eanáil phríobháideach táillí mar chuid de théarmaí agus coinníollacha na hinfheistíochta. Le téarmaí agus coinníollacha pari passu a fháil, gearrann Coimisiún Forbartha an Iarthair táille mhonatóireachta freisin. Tá an t-Iarmhéid €273,217 amháil an 31 Nollaig 2023 (€262,814 an 31 Nollaig 2022) ar fáil lena úsáid ag Ciste Infheistíochta an Iarthair; déantar é a imfhálú ó iarmhéideanna a d'fhéadfaí a úsáid do dheiseanna ath-infheistíochta agus léirítear ann na táillí carnacha monatóireachta a bailíodh lúide eisiocaíocht áirithe a thabhaigh Ciste Infheistíochta an Iarthair go dtí an 31 Nollaig 2023.			
10 d. Iarmhéid airgid thirim ar fáil lena Athinfheistiú			
Iarmhéid Airgid Thirim tosaigh an 1 Eanáir		44,636,502	33,877,154
Diúscairtí cothromais/aisiocaíochtaí Iasachta sa tréimhse		3,816,856	19,767,828
Dibhinní a fuarthas ar Infheistíochtaí Cothromais		-	-
Ús a fuarthas ar Iasachtaí		225,736	204,829
Suimeanna a fuarthas atá ag dul do Choimisiún Forbartha an Iarthair		500	-
Glanús Bainc infhaighte ar airgead CII sa bhanc		276,722	65,243
Réigiún Eisiocaíochtaí Nuálaíochta		(209,870)	-
Suimeanna gnáthscaire a athinfheistíodh sa tréimhse		(8,721,204)	(6,349,768)
Suimeanna Iasachta a athinfheistíodh sa tréimhse		(2,705,133)	(2,928,784)
Iarmhéid Deiridh Airgid Thirim an 31 Nollaig		37,320,109	44,636,502

11. Infháltais	2023 €	2022 €
Féichiúnaithe	60,476	5,550
Réamhíocaíochtaí	120,357	73,685
Deontais AE/Deontais NPP Infhaighte	134,953	265,759
	315,786	344,994

12. Suimeanna Iníoctha		
Creidiúnaithe agus Fabhruithe	414,871	503,746
Ioncam larchurtha	195,772	674,533
	610,643	1,178,279

Baineann ioncam larchurtha le réamhíocaíochtaí a fuarthas maidir le tionscadail a chistítear go leithligh a mhaoiníonn an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail.

13. Cuntas Caipítíl	2023 €	2023 €	2022 €	2022 €
Iarmhéid an 1 Eanáir		37,059		38,239
Aistriú chuig an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais:				
- Cistí a leithdháileadh chun Sócmhainní Seasta a éadail	35,903		27,097	
- An méid a scaoileadh ar diúscairt	(76)		(1,496)	
- An méid a amúchadh ar aon dul le dímheas	(31,020)		(26,781)	
		4,807		(1,180)
		41,866		37,059

14. Ceangaltais Amach Anseo	2023 Gnáthscair €	2023 Íasachta €	2022 Gnáthscair €	2022 Íasacht €
Ceangaltais Tosaigh	4,527,996	3,426,574	9,079,855	5,437,648
Faomhadh	7,815,000	775,132	4,522,637	1,593,198
Saoradh	(1,770,000)	(106,573)	(2,724,520)	(675,488)
Íocaíochtaí amach	(8,721,204)	(2,705,133)	(6,349,976)	(2,928,784)
Ceangaltais Deiridh	1,851,792	1,390,000	4,527,996	3,426,574

15. Costais Sochair Scoir

a) Anailís ar na costais iomlána sochair scoir a gearradh ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coimeádta

	2023 €	2022 €
Costas Seirbhíse Reatha	323,000	550,000
Glanchoistas/(glanioncam) úis	287,000	123,000
Ranníocaíochtaí Fostaí	(86,971)	(81,581)
	523,029	591,419

b) Gluaiseacht ar Ghlanóibleagáidí Sochair Scoir le linn na bliana airgeadais

Glan-oibleagáid sochair scoir ag 1 Eanáir	7,880,000	9,720,000
Costas Seirbhíse Reatha	323,000	550,000
Costais Úis	287,000	123,000
Caillteanas/(gnóthachan) achtúireach	(272,000)	(2,491,000)
Sochair Íoctha	(28,000)	(22,000)
Glanóibleagáid sochair scoir an 31 Nollaig	8,190,000	7,880,000

c) Cistiú iarchurtha do shochair scoir

Aithníonn an Coimisiún na suimeanna seo mar shócmhainn a chomhfhreagraíonn don dliteanas iarchurtha neamhchistithe do shochair scoir ar bhonn na sraithe toimhdí a ndéantar cur síos orthu thuas, mar aon le líon imeachtaí roimhe seo. Áirítear leis na himeachtaí seo, an bonn reachtúil le bunú na scéime sochair scoir agus an beartas agus an cleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair i dtaca le pinsin seirbhíse poiblí a chistiú, lena n-áirítear ranníocaíochtaí ag fostaíthe agus an próiseas bliantúil meastachán.

Níl aon fhianaise ag an gCoimisiún nach leanfaidh an beartas cistithe seo chun íoc as na suimeanna siúd faoi mar a bhíonn siad dlite i gcomhréir leis an gcleachtas reatha.

Ba é seo a leanas an glanchistiú iarchurtha le haghaidh sochair scoir a aithnítear sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coimeádta:

	2023 €	2022 €
Cistiú atá inghnóthaithe maidir le costais Sochair Scoir na bliana reatha	610,000	673,000
Deontas stáit a úsáideadh chun Sochair Scoir a íoc	(28,000)	(22,000)
	582,000	651,000

B'ionann an tsócmhainn chistithe iarchurtha le haghaidh sochair scoir an 31 Nollaig 2023 agus €8.19m (2022: €7.88m).

d) Stair na nOibleagáidí le Sochar Sainithe	2023 €	2022 €	2021 €	2020 €	2019 €
Oibleagáidí le Sochar Sainithe	8,190,000	7,880,000	9,720,000	7,925,000	6,950,000
(Caillteanas)/gnóthachain ó thaithí ar dhliteanas na scéime le Sochar Sainithe	272,000	2,491,000	(1,253,000)	(528,000)	(1,431,000)
Céatadán Dhliteanas an Phlean	-3.3%	-31.6%	12.9%	6.7%	20.6%

e) Cur síos ginearálta ar an scéim

Oibríonn Coimisiún Forbartha an Iarthair scéim aoisliúntais neamhchistithe le sochar sainithe don fhoireann. Íoctar teidlíochtaí aoisliúntais a thagann aníos faoin scéim as ioncam reatha agus gearrtar iad ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Coimeádta Ioncaim, glan ar ranníocaíochtaí aoisliúntais fostaí, sa bhliain ina mbíonn siad inioctha.

Socrú pinsin tuarastail deiridh le sochar sainithe is ea an Scéim pinsin seo ina sainítear sochair agus ranníocaíochtaí agus tagairt á déanamh do rialacháin reatha na scéime "samhla" eanála poiblí. Soláthraíonn an Scéim pinsean (an t-ochtódú cuid sa bhliain seirbhíse), aisce nó cnapshuim (trí ochtódú cuid sa bhliain seirbhíse) agus pinsin chéile agus leanaí. Is í gnáthaois scoir comhalta a mbreithlá 65 bliain, agus tá teidlíocht ag comhaltaí atá i gcomhaltaí ó thréimhse roimh 2004 dul ar scor gan laghdú achtúireach a chur i bhfeidhm ó aois 60. Tagann méadú ar phinsin atá á n-íoc (agus á n-iarchur) ar bhonn lánroghnach ar aon dul le boilsciú tuarastail ginearálta.

Le héifeacht ón 1 Eanáir 2013, déantar comhaltaí den Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair d'iontrálaithe nua. Cuireann seo sochair ar fáil bunaithe ar mheántuilleamh gairm bheatha athluacháilte agus déantar na sochair a athluacháil ar aon dul leis an bPraghasinnéacs Tomhaltóirí. Beidh aois scoir íosta na Scéime nasctha le haois an Phinsin Stáit.

Tá na torthaí a leagtar amach thíos bunaithe ar luacháil achtúireach ar na dlíteanais maidir le foireann fónaímh, ar scor agus iarchurtha an Choimisiúin amhail an 31 Nollaig 2023.

Thug achtúire neamhspleách cáilithe faoin luacháil seo ar mhaithe leis an gcaighdeán cuntasaioctha, Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais Uimh. 102 (FRS 102).

Ba iad na príomhthoimhdí airgeadais a úsáideadh:

	2023	2022
Ráta an mhéadaithe ar Thuarastail	3.75%	4.00%
Ráta an Méadaithe ar Shochair Scoir atá á n-íoc	3.25%	3.50%
Ráta lascaíne	3.15%	3.50%
Ráta boilscithe	2.25%	2.50%

Meaníonchas saoil amach anseo	2023	2022
Fear aois 65	22.0 bliain	21.9 bliain
Bean aois 65	24.4 bliain	24.3 bliain

16. Cánachas

Cuirtear díolúine ar fáil in Alt 227 agus Alt 610 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, ó cháin ioncaim agus cáin ghnóthachan caipitiúil ar ioncam agus/nó gnóthachain comhlachtaí stáit neamhthráchtála.

17. Nochtadh Páirtí Ghaolmhair

Is éard atá sa phríomhphearsanna bainistíochta i gCoimisiún Forbartha an Iarthair an POF agus comhaltaí an Choimisiúin. Chun teacht ar mhiondealú ar an luach saothair agus na sochair a íocadh leis an bpríomhphearsanna bainistíochta, féach Nóta 6 (c), le do thoil.

I ngnáthchúrsa an ghnó, féadfaidh Coimisiún Forbartha an Iarthair iasachtaí agus infheistíochtaí a fhaomhadh nó iontráil isteach i socruithe conarthacha eile le gnóthais ina bhfostaítear comhaltaí an Choimisiúin nó ina mbíonn leas acu ar bhealach eile. I gcásanna ina bhféadfadh coinbhleacht leasa eascairt, ní bhfuair comhaltaí an Choimisiúin cáipéisíocht Bhoird ar an idirbheart a beartaíodh nó ní ghlacann siad páirt, ar bhealach eile, ná ní fhreastalaíonn siad ar phlé maidir leis na hidirbhearta seo. Coimeádtar taifead ar na cásanna siúd go léir agus tá fáil air, ar iarraidh.

Ghlac an Coimisiún le nósanna imeachta i gcomhréir leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú i dtaca le leasanna a nochtadh ag comhaltaí an Choimisiúin. Níor nocht comhaltaí an Choimisiúin aon leasanna in 2023.

18. Imeachtaí i ndiaidh an Dáta Tuairiscithe

Níor thit aon imeachtaí amach idir an dáta tuairiscithe agus dáta faofa na ráiteas airgeadais seo óna dteastaíonn coigeartú sna ráitis airgeadais.

19. Deontais/NPP an AE

Úsáidtear cistí barrachais a choimeádtar faoi Dheontais AE/NPP le haghaidh caipiteal oibre ar thionscadail AE. Sceidealaítear éilimh gach sé mhí. D'fhéadfadh go nglacfadh an t-aga tionscanta próiseála a fhaide le fiche a ceathair mí, áfach.

Cúlchistí an 1 Eanáir 2023	147,128
Barrachas/(Easnamh) don bhliain reatha	132,955
Cúlchistí an 31 Nollaig 2023	280,083

20. Gnóthas Leantach

Measann an Coimisiún, mar gheall go gcuireann an t-aonán seirbhís phoiblí ar fáil a chistítear ag airgead a sholáthraíonn an Státchiste, trína mháthair-roinn (an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail), is cuí na ráitis airgeadais seo a ullmhú ar bhonn gnóthas leantach.

21. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh an Coimisiún na Ráitis Airgeadais seo lena n-eisiúint an



**WESTERN
DEVELOPMENT
COMMISSION**

Ag tacú le pobail fás a dhéanamh, ag infheistiú i
ngnó de réir a mhéide, agus ag pleanáil le haghaidh
fhorbairt Réigiún an Iarthair amach anseo.

Teach Dillon, Bealach an Doirín
Co. Ros Comáin, F45 WY26

Fón: +353 (0)94 986 1441
Ríomhphost: info@wdc.ie

westerndevelopment.ie